



An Bhruiséil, 6.12.2023  
SWD(2023) 408 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**Treoraíocht maidir le dea-chleachtais thoghchánacha sna Ballstáit lena dtugtar aghaidh ar rannpháirtíocht saoránach faoi mhíchumas sa phróiseas toghcháin**

## Ábhar

Ábhar	1
1. Réamhrá .....	3
2. Príomh-shaincheisteanna a bhaineann le saoránaigh faoi mhíchumas .....	9
3. CREAT AN AONTAIS .....	10
3.1. Conarthaí.....	10
3.2. Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas .....	10
3.3. Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh .....	11
3.4. Dlí toghcháin an Aontais .....	11
3.5. Cearta vótála saoránach soghluaiste de chuid an Aontais .....	12
3.6. Trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla .....	13
3.7. Téacsanna eile de dhlí an Aontais .....	14
4. Caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme maidir le Ballstáit an Aontais .....	15
5. Timpeallachtaí lena dtacaítear le rannpháirtíocht i dtoghcháin .....	16
5.1. Beartais shonracha a fhorbairt .....	16
5.2. Feasacht a mhúscailt agus dearthaí a athrú.....	17
5.3. Comhar le heagraíochtaí a thacaíonn le cearta daoine faoi mhíchumas.....	18
5.4. Inrochtaineacht agus inúsáidteacht foirgneamh a mhéadú .....	20
5.5 Oiliúint agus tacaíocht shonrach le haghaidh oifigigh toghcháin .....	20
6. For-rochtain le haghaidh daoine faoi mhíchumas le linn an timthrialla toghchánaigh.....	21
6.1. Inrochtaineacht cumarsáidí oifigiúla .....	21
6.2. Inrochtaineacht na fógraíochta polaitiúla.....	23
7. Dearadh uilíoch agus cóiríocht réasúnach sa timthriall toghchánach – nósanna imeachta, áiseanna agus ábhair.....	24
7.1. Nósanna imeachta clárúcháin .....	24
7.2. Inrochtaineacht na stáisiún vótála, na mbothanna vótála agus na mboscaí ballóide a mhéadú .....	25
7.3 Inrochtaineacht ballóidí páipéir a mhéadú.....	27
7.4. Inrochtaineacht meaisíní vótála a mhéadú.....	29
7.5. Modhanna vótála comhlántacha.....	30
7.6. Rochtain ar réiteach díospóidí toghcháin .....	32
7.7. Sonraí maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin a bhailiú	
32	
7.8. Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar inrochtaineacht na dtoghchán ....	34
8. Breithnithe deiridh.....	35

larscríbhinn 1 – Creat chun é a chur ar a gcumas do dhaoine faoi mhíchumas toghcháin a rochtain .....	38
larscríbhinn 2 – Samplaí de sheicliostaí chun measúnú a dhéanamh ar inrochtaineacht na stáisiún vótála .....	40
larscríbhinn 3 – Sampla de mholtaí ginearálta le haghaidh oifigigh stáisiún vótála .	43
larscríbhinn 4 – Sampla de conas rochtain ar áitreabh stáisiún vótála a sholáthar .	44
larscríbhinn 5 – Sampla de conas stáisiún vótála inrochtana a dhearadh.....	44
larscríbhinn 6 – Samplaí de bhothanna vótála oiriúnaithe .....	45
larscríbhinn 7 – Coincheap an mhíchumais arna úsáid ag na Ballstáit i gcomhthéacs toghchán.....	45
larscríbhinn 8 – Díl an Aontais agus caighdeáin an Aontais atá ábhartha i gcomhthéacs inrochtaineacht na dtoghchán le haghaidh daoine faoi mhíchumas.....	48
larscríbhinn 9 – Torthaí grúpa fócais maidir le hinrochtaineacht na dtoghchán le haghaidh daoine faoi mhíchumas a d’eagraigh an Coimisiún an 7 Meán Fómhair 2023 .....	52
larscríbhinn 10 – Infhaighteacht uirlisí cúnta, bothanna vótála agus boscaí ballóide inrochtana.....	54
larscríbhinn 11 – Roghanna vótála comhlántacha le fáil le haghaidh daoine faoi mhíchumas i mBallstáit an Aontais.....	56

## 1. Réamhrá

An tráth a chuaigh sí i mbun oifige d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, von der Leyen go mbeadh tógáil Aontas an Chomhionannais ar cheann de phríomhthosaíochtaí an Choimisiúin dá cuid.<sup>(1)</sup>

Tá an cumas chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin fíor-riachtanach le haghaidh daonlathas bríomhar. Tá níos mó i gceist leis sin ná aon cheart vótála a bheith ag duine; ciallaíonn sé freisin a bheith in ann seasamh mar iarrthóir, dul isteach i bpáirtí polaitiúil, a bheith rannpháirteach sa phróiseas toghchánach mar oifigeach toghcháin nó breathnóir toghcháin agus rochtain ar fhaisnéis. Cuimsítear leis sin a bheith in ann do thosaíochtaí toghchánacha a chur in iúl faoi shaoirse agus go cóir, faoi rúndacht iomlán. Ba cheart do na saoránaigh uile a bheith in ann páirt a ghlacadh go héifeachtach sa saol polaitiúil san Aontas. Baineann tábhacht le gach vóta. Mar sin féin, tá sé ina dúshlán ag roinnt mhaith daoine páirt a ghlacadh sa saol polaitiúil.

San Aontas, tá deacrachtaí fós ag daoine faoi mhíchumas a gcearta toghchánacha a fheidhmiú. Thart ar 27 % de dhaonra an Aontais, tá siad faoi mhíchumas de chineál éigin.<sup>(2)</sup> Orthu sin áirítear daoine a bhfuil laguithe fadtéarmacha fisiceacha, meabhracha, intleachta, nó céadfacha orthu, ar laguithe iad a d'fhéadfadh, ar idirghníomhú le bacainní éagsúla dó nó di, bac a chur ar a rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile.

Tá sé d'fhreagracht ar na Ballstáit toghcháin náisiúnta a eagrú, i gcomhréir lena ngealltanais idirnáisiúnta. Tacaíonn an Coimisiún, i measc nithe eile, le dea-chleachtais a chomhroinnt, lena n-áirítear maidir le meaisíní vótála inrochtana agus coigeartuithe sonracha agus conas roghanna a sholáthar do vótálaithe faoi mhíchumas. Cistíonn an tAontas eagraíochtaí míchumais ar leibhéal an Aontais freisin chun feachtas a mhúscailt agus tacú le cearta, agus chun feabhas a chur ar inniúlacht a n-eagraíochtaí is comhaltaí.

Leis an tuarascáil<sup>(3)</sup> arna heisiúint ag an gCoimisiún maidir le toghcháin 2019 do Pharlaimint na hEorpa, cuireadh i dtábhacht go bhfuil bacainní breise ar shaoránaigh faoi mhíchumas maidir lena gcearta toghchánacha a fheidhmiú.<sup>(4)</sup> Leis an tuarascáil cuireadh béim ar a thábhachtaí a bhí sé dul i ngleic leis na bacainní sin i bhfianaise na gcéad toghchán eile do Pharlaimint na hEorpa.

Chuir Parlaimint na hEorpa i dtábhacht a thábhachtaí atá sé tacú le cearta vótála daoine faoi mhíchumas. Ina rún ón 26 Samhain 2020 maidir leis na toghcháin Eorpacha a athbhreithniú, d'iarr an Pharlaimint ar na Ballstáit dlús a chur le

---

<sup>1</sup> [Political Guidelines for the next European Commission \[Treoirínte don Chéad Choimisiún Eorpach eile\], 2019-2024\].](#)

<sup>2</sup> [Staidreamh | Eurostat \(europa.eu\).](#)

<sup>3</sup> [Report on the 2019 elections to the European Parliament \[Tuarascáil maidir le toghcháin 2019 do Pharlaimint na hEorpa\].](#)

<sup>4</sup> Leis an tuarascáil ón gCoimisiún tagraítear freisin don tuarascáil ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar dá réir is féidir gur baineadh an ceart de líon measta 800 000 saoránach den Aontas ó 16 Bhallstát chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin 2019 do Pharlaimint na hEorpa.

malartuithe dea-chleachtais chun feabhas a chur ar an rochtain ar stáisiúin vótála le haghaidh daoine faoi mhíchumas. Chuir Parlaimint na hEorpa in iúl gurb amhlaidh, le haghaidh vótálaithe faoi mhíchumas, atá socruithe vótála praiticiúla chomh tábhachtach céanna leis an rochtain ar fhaisnéis nó ar stáisiúin vótála. Ina Rún an 10 Márta 2022 ar Thuarascáil 2020 ar Shaoránacht AE, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dea-chleachtais a mhalartú agus a chur chun cinn laistigh den Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin<sup>(5)</sup>, maidir le conas riachtanais thoghchánacha shonracha grúpaí saoránach faoi mhíchumas a chomhlíonadh, chun a rannpháirtíocht i dtoghcháin a mhéadú agus chun na grúpaí sin a chumhachtú chun a gcearta vótála a fheidhmiú sna chéad toghcháin eile do Pharlaimint na hEorpa.

Ina rún reachtach maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le toghadh Fheisirí Parlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach<sup>(6)</sup>, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an rochtain ar fhaisnéis agus vótáil ar bhonn comhionann ag na saoránaigh uile, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Áirítear leis sin, mar shampla, áitreabh oiriúnaithe a fháil ar cíós i gcás nach bhfuil struchtúir phoiblí oiriúnaithe.<sup>(7)</sup>

Le déanaí, le Rún Parlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2022 i dtreo cearta comhionanna do dhaoine faoi mhíchumais<sup>(8)</sup> iarradh go ndéanfaí leasuithe ar Dhlí Toghcháin na hEorpa agus ar aon dlí náisiúnta ábhartha chun a áirithiú gur féidir leis na daoine uile faoi mhíchumas vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin ar bhonn comhionann le daoine eile. Chuir an Pharlaimint i dtábhacht maidir le cinntí arna ndéanamh ag an mBallstát tionscnaimh chun a n-inniúlacht dhlítheanach a bhaint de dhaoine de dheasca míchumais, nár cheart a fhágáil leo sin go mbeidh saoránaigh den Aontas neamh-incháilithe ina mBallstát cónaithe más amhlaidh le dlí

---

<sup>5</sup> Tuilleadh faisnéise maidir leis an [Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin](#) (ECNE).

<sup>6</sup> [Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa 3 Bealtaine 2022 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le toghadh fheisirí Parlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, lena n-aisghairtear Cinneadh \(76/787/CEGC, CEE, Euratom\) ón gComhairle agus an Gníomh a bhaineann le toghadh feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach atá i gceangal leis an gCinneadh sin](#) (2020/2220(INL) – 2022/0902(APP)).

<sup>7</sup> D'iarr an Pharlaimint freisin 'ar na Ballstáit bearta a thabhairt isteach chun inrochtaineacht ar na toghcháin do shaoránaigh faoi mhíchumas a uasmhéadú, lena gcumhdaítear, i measc nithe eile agus i gcás inarb iomchuí, faisnéis agus clárú vótála, stáisiúin vótála, bothanna agus gairis vótála agus páipéir bhallóide; á mholadh go ndéanfar socruithe iomchuí a chur chun feidhme atá curtha in oiriúint do nósanna imeachta vótála náisiúnta chun vóta na saoránach faoi mhíchumas a éascú, amhail an deis stáisiúin vótála, stáisiúin vótála dúnta i bpríomháiteanna, agus úsáid teicneolaíochtaí cúnta, formáidí agus teicnící amhail Braille, cló mór, faisnéis fuaimbhunaithe, stionsail thadhhlacha, faisnéis atá éasca le léamh agus cumarsáid i dteanga chomharthaíochta a roghnú; á iarraidh ar na Ballstáit cúnaimh a cheadú do dhaoine faoi mhíchumas vótáil trí dhuine dá rogha féin, i gcás inar gá agus arna iarraidh sin dóibh.'

<sup>8</sup> [Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Nollaig 2022 i dtreo cearta comhionanna do dhaoine faoi mhíchumais](#) (2022/2026(INI)).

an Bhallstáit sin a sheastar gan srianta leis an gceart sin le haghaidh na ndaoine uile faoi mhíchumas.<sup>(9)</sup>

Ceist na gceart vótála le haghaidh daoine faoi mhíchumas tarraingíodh anuas í freisin i gcomhthéacs na tuairime ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis na treoracha toghchánacha lena rialaítear cearta vótála le haghaidh saoránaigh shoghluaiste den Aontas. Áirítear leis sin faisnéis thoghchánach a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas trí na ceanglais inrochtaineachta a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm agus trí úsáid a bhaint as modhanna, móid agus formáidí cumarsáide lena féidir cuidiú le daoine faoi mhíchumas, amhail teanga chomharthaíochta, Braille, nó formáid sholéite.<sup>(10)</sup>

Sa tuairim sin, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar na Ballstáit socruithe a dhéanamh a bheadh saincheaptha dá nósanna imeachta vótála náisiúnta chun cuidiú le saoránaigh faoi mhíchumas vótáil, amhail é a chur ar a gcumas dóibh stáisiúin vótála a roghnú, stáisiúin vótála dhúnta a chur ar bun i bpríomhshuíomhanna, agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí, formáidí agus teicnící cúnta amhail Braille, cló mór, faisnéis fuaimbhunaithe, stionsail thadhlaigh, faisnéis sholéite agus cumarsáid i dteanga chomharthaíochta. D'iarr an Parlaimint ar na Ballstáit freisin cuimhneamh ar uirlisí comhlántacha a úsáid chun vótáil a éascú, amhail réamhvótáil fhisiceach agus seachvótáil, vótáil leictreonach agus ar líne.

An 20 Márta 2019, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuarascáil<sup>(11)</sup> lena leagadh amach staid na himeartha maidir le cur chun feidhme an chirt atá ag saoránaigh an Aontais atá faoi mhíchumas chun vótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Leis an tuarascáil tugtar bacainní éagsúla faoi deara atá ar dhaoine faoi

---

<sup>9</sup> Leis an Rún cuireadh i dtábhacht freisin an gá leis an gceart chun vótáil go neamhspleách agus faoi rún a ráthú, chun a áirithiú go mbeidh comhionannas deiseanna ag daoine faoi mhíchumas chun dul i mbun feachtais i dtoghcháin agus chun a áirithiú go mbeidh na stáisiúin vótála inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. Páirtithe polaitiúla Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ní mór dóibh a áirithiú go ndéanfar ionadaíocht níos fearr ar son daoine faoi mhíchumas ar liostaí toghchánacha. Iarradh ar údarais thoghchánacha ainmnithe na mBallstát sonraí a bhailiú maidir le hinrochtaineacht na stáisiún vótála, lena n-áirítear léirithe ar cé acu atá nó nach bhfuil siad oiriúnaithe chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas agus an méid sin a thuairisciú don Choimisiún, don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa 1 bhliain amháin ar a dhéanaí tar éis toghchán do Pharlaimint na hEorpa a réachtáil.

<sup>10</sup> [Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Feabhra 2023 ar an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha ag saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad \(athmhúnlú\)](#) (COM(2021) 0733 – C9-0022/2022 – 2021/0373(CNS)) agus [Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Feabhra 2023 maidir leis an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leagtar síos socruithe sonracha a bhaineann le cearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad \(athmhúnlú\)](#) (COM(2021) 0732 – C9-0021/2022 – 2021/0372(CNS)).

<sup>11</sup> [Tuarascáil faisnéise ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa – Real rights of persons with disabilities to vote in European Parliament elections \[Fíorchearta daoine faoi mhíchumas chun vótáil i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa\]](#).

mhíchumas agus a gcearta toghchánacha á bhfeidhmiú acu. Leagtar amach dea-chleachtais léi<sup>(12)</sup> maidir le feabhas a chur ar an rochtain ar fhaisnéis le linn na tréimhse réamhthoghcháin, vótáil a eagrú i stáisiúin vótála ‘ghinearálta’, páipéir bhallóide agus inrochtaineacht. Tugtar tuairisc léi freisin ar na réitigh a úsáidtear i gcúpla Ballstát, amhail vótáil luath i stáisiúin vótála ainmnithe, vótáil phoist, vótáil bosca ballóide mhóibíligh, seachvótáil agus vótáil leictreonach. Ar deireadh, tugtar tuairisc léi ar shocruithe chun é a chur ar a gcumas do dhaoine san ospidéal agus i bhforais cúraim fhadtéarmaigh vótáil, ceart daoine faoi mhíchumas chun vótáil i dtíortha ina bhfuil sé éigeantach vótáil, agus nósanna imeachta i gcás ina gcónaíonn duine faoi mhíchumas i dtír éagsúil lena thír thionscnaimh.

Molann Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas go ndéanfaidh an tAontas na bearta is gá, i gcomhar lena Bhallstáit agus eagraíochtaí lena ndéantar ionadaíocht ar son daoine faoi mhíchumas, chun é a chur ar chumas do gach duine atá faoi mhíchumas d’aon chineál a cheart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin a fheidhmiú<sup>(13)</sup>.

D’fhógair an Coimisiún ina Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030<sup>(14)</sup> go n-ullmhóidh sé treoir um dea-chleachtais thoghchánacha lena dtabharfaí aghaidh ar rannpháirtíocht saoránach faoi mhíchumas sa phróiseas toghchánach. Ullmhaíodh an treoir sin i ndlúthchomhar leis na Ballstáit faoi chuimsiú an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin. Tarraingítear léi ar na pléití a rinneadh le linn an imeachta ardleibhéil maidir le toghcháin a d’eagraigh an Coimisiún an 23-24 Deireadh Fómhair 2023<sup>(15)</sup>.

---

<sup>12</sup> Ar na samplaí de dea-chleachtais a thugtar faoi deara leis an Tuarascáil áirítear boscaí ballóide móibíleacha le haghaidh daoine faoi mhíchumas (an Bhulgáir):

- ábhar faisnéise spriocdhírthe a dréachtaíodh i dteanga shoiléir agus Braille (físeáin, bróisiúir) chun tacú le grúpaí sonracha i dteangacha éagsúla (an Bheilg), tionscadal trialach maidir le vótáil leictreonach fhéinrialaitheach le haghaidh daoine lagamhairc (an Bheilg), stáisiúin vótála inrochtana agus boscaí ballóide in ospidéal, tithe altranais nó institiúidí comhchosúla (Éire);
- Ballóidí páipéir Braille (an tSlóvaic), taighde maidir leis na constaicí a bhíonn ar pholaiteoirí faoi mhíchumas agus cé na bearta is gá a dhéanamh chun go nglacfaidh siad páirt agus chun go ndéanfaidh siad a ndualgais (an Ísiltír).

<sup>13</sup> [Breithnithe deiridh ar thuarascáil tosaigh an Aontais Eorpaigh](#) a glacadh ag an 14<sup>ú</sup> seisiún dá chuid i nGinéiv in 2015. Féach freisin [an tuarascáil a d’eisigh rapóirtéir speisialta na Náisiún Aontaithe in 2023 maidir le cearta daoine faoi mhíchumas](#).

<sup>14</sup> [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030](#).

<sup>15</sup> An 25 Samhain 2021 chuir an Coimisiún i láthair pacáiste de bhearta chun an daonlathas a dhaingniú agus sláine na dtoghchán a chosaint. Cuimsíodh leis an bpacáiste teachtaireacht lenar fógraíodh go leanfadh an Coimisiún d’obair an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin chun go n-éascófaí cumas shaoránaigh uile an Aontais lena gcearta vótála a fheidhmiú agus go gcuirfí feabhas ar an gcumas sin lena n-áirítear trí thacú le malartú dea-chleachtas agus trí chúnaimh frithpháirteach chun saorthoghcháin chóra a áirithiú agus trí thagairtí coiteanna maidir le dea-chleachtais a bhunú le haghaidh céimeanna sonracha den timthriall toghchánach. Gheall sé go reáchtálfadh sé imeacht ardleibhéil maidir le toghcháin sa dara leath de 2023 agus go dtabharfadh sé le chéile údarais éagsúla i ndáil le toghcháin chun dul i ngleic leis na dúshláin ar a dtugtar aghaidh sa phacáiste.

D'fhógair an Coimisiún ina straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas go raibh sé beartaithe aige:

- **oibriú** leis na Ballstáit, lena n-áirítear trí phléití tiomnaithe sa Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin agus le Parlaimint na hEorpa chun cearta polaitiúla daoine faoi mhíchumas a ráthú ar bhonn comhionann le daoine eile;
- **plé a dhéanamh**, faoi chuimsiú an imeachta ardleibhéil maidir le toghcháin a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach (a tionóladh an 23 agus an 24 Deireadh Fómhair 2023), ar chleachtais maidir leis an daonlathas cuimsitheach arb é is aidhm dóibh go léireoidh liostaí iarrthóirí éagsúlacht ár sochaithe;
- **tacú** le rannpháirtíocht dhaonlathach chuimsitheach, lena n-áirítear le haghaidh daoine faoi mhíchumas, tríd an gClár nua um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV)<sup>(16)</sup>.

Le hullmhú na treorach seo tarraingítear ar obair na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha<sup>(17)</sup> i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus Gréasán Acadúil na Saineolaithe Eorpacha um Míchumas. D'fhorbair an Gréasán [28 dtáscaire maidir le cearta an duine](#) chun measúnú a dhéanamh ar rannpháirtíocht pholaitiúil daoine faoi mhíchumas san Aontas. Grúpáiltear na sonraí i gceithre phríomhthéama: (1) deireadh a chur le bacainní dlíthiúla agus riaracháin; (2) feasacht ar chearta a mhéadú; (3) rannpháirtíocht pholaitiúil a dhéanamh níos inrochtana; (4) deiseanna le haghaidh rannpháirtíochta a leathnú.

Bhí dlúthbhaint ag an Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin le hullmhú na treorach sin, lena n-áirítear faoi chuimsiú foghrúpa tiomnaithe. Cleachtais thoghchánacha a dheartar chun riachtanais daoine faoi mhíchumas a chomhlíonadh, bhí siad ina gcuid, arís agus arís eile, de phléití idir na Ballstáit sa Líonra sin agus bhí

---

<sup>16</sup> Ar na samplaí de thionscadail áirítear:

- [The Future is Ours: Persons with Disabilities Rebuild Democracy \[Is Linne an Todhchaí: Atógann Daoine faoi Míchumas an Daonlathas\]](#).
- [Ambitions. Rights. Belonging. Keys to inclusion of people with intellectual disabilities \[Uaillmhianta. Cearta. Muintearas. Eochracha chun daoine faoi mhíchumas intleachta a chuimsiú\]](#).

<sup>17</sup> In 2010, d'fhoilsigh FRA an tuarascáil *The right to political participation of persons with mental health problems and persons with intellectual disabilities* [Cearta daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu agus daoine faoi mhíchumas intleachta chun rannpháirtíochta polaitiúla]. In 2014, d'fhorbair an ghníomhaireacht táscairí maidir le cearta an duine agus chuir sí sonraí iontu maidir le cearta daoine faoi mhíchumas chun rannpháirtíochta polaitiúla. Ina theannta sin, d'fhoilsigh FRA cúig ghrafaic faisnéise chun cuidiú le faisnéis a mhúscailt ar chearta vótála daoine faoi mhíchumas i measc príomhghníomhaithe. Le páipéar a foilsíodh in 2019 déantar anailís ar athchóirithe dlíthiúla gaolmhara sna Ballstáit ó bhí 2014 ann.



siad ina gcuid lárnach d'iarrachtaí an Choimisiúin chun cuidiú le daoine a gcearta toghchánacha a fheidhmiú<sup>(18)</sup>.

Sa chomhthéacs sin, sheol 22 Bhallstát ionchuir maidir le creataí agus cleachtais thoghchánacha maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin. Leis an suirbhé nochtadh go bhfuil neart cleachtas ann chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh toghcháin inrochtana do chách.

Chun tacú le hullmhú na treorach sin, chuir Líonra acadóirí maidir le saoránacht staidéar ar fáil maidir le rannpháirtíocht saoránach faoi mhíchumas i dtoghcháin.<sup>(19)</sup> Tá an treoir sin bunaithe freisin ar an staidéar ar rannpháirtíocht pholaitiúil daoine faoi mhíchumas<sup>(20)</sup> arna ullmhú in 2018 agus arna thabhairt cothrom le dáta in 2021<sup>(21)</sup> ag Líonra Acadúil maidir le Cearta Saoránachta Eorpaí.

Rinne an Coimisiún comhairliúcháin *ad hoc* freisin le grúpaí a thacaíonn le rannpháirtíocht saoránach faoi mhíchumas.<sup>(22)</sup>

I gcomhthreo leis an treoir sin, d'ullmhaigh an Coimisiún coimre de chleachtais vótála digítí, mar a fógraíodh sa Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach<sup>(23)</sup> agus sa Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas. Go sonrach, leis an gcoimre<sup>(24)</sup> fiosraítear saincheisteanna inrochtaineachta sna eilimintí de mheaisíní vótála a úsáideann vótálaithe i stáisiúin vótála agus a bhaineann le comhéadan na vótála ar líne, ar modh vótála úsáideach é freisin le haghaidh daoine faoi mhíchumas.

---

<sup>18</sup> An 24 Eanáir 2022, phléigh na Ballstáit bearta chun inrochtaineacht fhisiceach stáisiún vótála, tacaíocht ar an láthair, uirlisí cúnta toghchánacha, agus modhanna vótála malartacha a mhéadú. An 21 Meán Fómhair 2022, rinne ionadaí den Fhóram Eorpach maidir leis an Míchumas a Thuarascáil ar an bhFóram Eorpach maidir leis an Míchumas 2022 a chur i láthair maidir le rannpháirtíocht pholaitiúil daoine faoi mhíchumas. An 12 Meitheamh 2023, chuir an Fóram Eorpach maidir leis an Míchumas tionscadal atá cistithe ag an Aontas i láthair arb é is aidhm dó sciar na ndaoine faoi mhíchumas a ghlacann páirt i dtoghcháin Eorpacha 2024 a mhéadú.

<sup>19</sup> [Study on participation of citizens with disabilities in elections \[Staidéar maidir le rannpháirtíocht saoránach faoi mhíchumas i dtoghcháin\].](#)

<sup>20</sup> [Staidéar maidir le Rannpháirtíocht Pholaitiúil Daoine faoi Mhíchumas.](#)

<sup>21</sup> [Staidéar maidir le Rannpháirtíocht Pholaitiúil Daoine faoi Mhíchumas. Tuarascáil 2018 arna thabhairt cothrom le dáta.](#)

<sup>22</sup> Cruinnithe leis an bhFóram Eorpach maidir leis an Míchumas (EDF) maidir le rannpháirtíocht pholaitiúil daoine faoi mhíchumas, tionóladh iad an 16 Bealtaine agus an 10 Meitheamh 2022 agus an 18 Aibreán agus an 2 Bealtaine 2023. Ghlac EDF páirt i gcrúinniú an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin an 21 Meán Fómhair 2022. Cruinnithe le hionadaithe de Organización Nacional de Ciegos Españoles tionóladh iad an 10 Samhain 2022 (Coimisinéir Dalli), an 25 Samhain 2022 (AS JUST) agus an 7 Feabhra 2023 (AS JUST). An 17 Samhain 2023 tionóladh cruinniú *ad hoc* den Ardán do Dhaoine faoi Mhíchumas.

<sup>23</sup> [An Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach.](#)

<sup>24</sup> [Compendium of e-voting and other ICT practices \[Coimre na vótála digítí agus cleachtais TFC eile\].](#)

## 2. Príomh-shaincheisteanna a bhaineann le saoránaigh faoi mhíchumas

Is faoi na Ballstáit atá sé na critéir incháilitheachta agus na nósanna imeachta um measúnú a leagan amach chun stádas míchumais a aithint. Is iad atá freagrach freisin as an duine atá incháilithe chun vótáil agus seasamh i dtoghcháin a shainiú, i gcomhréir le dlí an Aontais agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha. Tá bacainní iomadúla dlíthiúla, riaracháin agus institiúideacha ar shaoránaigh faoi mhíchumas roimh rannpháirtíocht ghníomhach sa saol daonlathach. Saoránaigh a bhfuil laguithe intleachta orthu tá constaicí thar a bheith suntasach rompu maidir lena gcearta polaitiúla a fheidhmiú, i bhfianaise réimse bacainní dlíthiúla agus riaracháin. Saintréithe eile, amhail aois agus inscne, agus tosca amhail stádas socheacnamaíoch agus acmhainní eacnamaíocha ísle, déanann siad difear do leibhéal rannpháirtíochta polaitiúla saoránach faoi mhíchumas freisin. D’ainneoin iarrachtaí suntasacha a rinneadh ag leibhéal éagsúla chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, amhail athbhreithniú ar an gcreat rialála, inrochtaineacht ábhar agus saoráidí toghcháin a mhéadú, tá cuid mhór oibre fós le déanamh chun tacú le feidhmiú na gceart daonlathach agus toghchánach ag saoránaigh faoi mhíchumas<sup>(25)</sup>.

Na príomhábhair inní a léirítear sa litríocht atá ann cheana agus arna léiriú ag páirtithe leasmhara, baineann siad leis na bacainní seo a leanas:

- **Bacainní fisiceacha** (lena n-áirítear stáisiúin vótála inrochtana, socruithe neamh-leordhóthanacha chun vótáil le haghaidh daoine a chónaíonn i bhforais chónaithe nó cúraim fhadtéarmaigh, nó in ospidéal nó daoine nach féidir a dtithe a fháil, bacainní soghluaisteachta agus ábhair neamh-inrochtana á n-úsáid i dtoghcháin, amhail páipéir bhallóide, bothanna vótála nó meaisíní vótála, roghanna teoranta le haghaidh vótála).
- **Bacainní faisnéise** (lena n-áirítear easpa rochtana ar iarrthóirí polaitiúla agus faisnéis páirtí, easpa eolais ar an bpróiseas toghchánach – cén áit, cathain agus conas vótáil).
- **Bacainní cúnamh** (lena n-áirítear cúnamh vótála teoranta, easpa oiliúna le haghaidh foireann vótála maidir le conas cúnamh a sholáthar agus teorainneacha maidir leis na daoine dá dtugtar cúnamh).
- **Bacainní sochaíocha** (lena n-áirítear steiréitíopaí maidir le saoránaigh faoi mhíchumas, dearthaí agus tuairimí cúramóirí/cúntóirí agus infhaighteacht líonraí tacaíochta agus an rochtain orthu).<sup>(26)</sup>

---

<sup>25</sup> [Staidéar maidir le rannpháirtíocht pholaitiúil daoine faoi mhíchumas.](#)

<sup>26</sup> [Study on participation of citizens with disabilities in elections \[Staidéar maidir le rannpháirtíocht saoránach faoi mhíchumas i dtoghcháin\].](#)

### 3. CREAT AN AONTAIS

#### 3.1. Conarthaí

Le hAirteagal 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) foráiltear agus ‘a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, is é is aidhm don Aontas gach idirdhealú a chomhrac atá bunaithe [...] ar mhíchumas’.

Faoi Airteagal 19(1) CFAE, ‘gan dochar d’fhorálacha eile na gConarthaí agus laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar don Aontas leo, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, gníomhaíocht iomchuí a ghlacadh chun idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar [...] míchumas’.

Faoi Airteagal 19(2) CFAE ‘féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bunphrionsabail beart dreasachta Aontais a ghlacadh, amach ó aon chomhchuibhiú ar [...], chun tacú le gníomhaíocht arna déanamh ag na Ballstáit chun rannchuidiú le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1’.

#### 3.2. Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

Is páirtí é an tAontas i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD). Dá réir sin, faoi raon feidhme iniúilachtaí an Aontais, tá forálacha an choinbhinsiúin sin ina gcuid lárnach de dhlíchóras an Aontais.

Faoi Airteagal 29 de UNCRPD, ní mór do na Stáit is Páirtithe a áirithiú, i measc nithe eile, go mbeidh nósanna imeachta, saoráidí agus ábhair vótála iomchuí, inrochtana, sothuigte agus so-úsáidte.

In UNCRPD tá oibleagáidí ar Stáit is Páirtithe cosaint a thabhairt do cheart daoine faoi mhíchumas chun vótáil trí bhallóid rúnda i dtoghcháin agus reifrinn phoiblí gan imeaglú, chun seasamh i dtoghchán, a bheith i seilbh oifige go héifeachtach agus na feidhmeanna poiblí uile a fheidhmiú ar na leibhéil rialtais uile, agus chun úsáid teicneolaíochtaí cúnata agus nua a éascú i gcás inarb iomchuí.

Iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú freisin gur féidir le daoine faoi mhíchumas a dtoil a chur in iúl faoi shaoirse mar thoghthóirí. Chuige sin, agus i gcás inar gá, ní mór do na Ballstáit a cheadú do dhuine dá rogha féin cúnamh vótála a sholáthar, agus arna iarraidh sin dóibh.

Le Barúil Ghinearálta Uimh. 2 maidir le hAirteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, arna glacadh ag an gCoiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas<sup>(27))</sup> an 11 Aibreán 2014, sonraítear go bhfuil sé tábhachtach freisin go bhfuil cruinnithe agus ábhair pholaitiúla inrochtana, ar

---

<sup>27</sup> [Leis an gCoinbhinsiún bunaíodh Coiste CRPD, comhlacht neamhspleách a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm an chonartha sin.](#)

cruinnithe agus ábhair iad arna n-úsáid agus arna gcur ar fáil ag páirtithe polaitiúla nó iarrthóirí aonair a ghlacann páirt i dtoghcháin phoiblí.

### 3.3. Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

Le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') toirmisctear idirdhealú ar aon fhoras, lena n-áirítear míchumas.

Le hAirteagal 26 den Chairt, maidir le daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú, sonraítear go n-aithníonn agus go n-urramaíonn an tAontas ceart daoine faoi mhíchumas chun tairbhiú de bhearta atá ceaptha chun neamhspleáchas na ndaoine sin, a lánpháirtiú sóisialta agus gairmiúil agus a rannpháirtíocht i saol an phobail a áirithiú. Mar a chuir an Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i dtábhacht in *Glatzel*<sup>(28)</sup>, is féidir cásanna a thabhairt chun na Cúirte bunaithe ar Airteagal 26 chun léirmhíniú agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ghníomhartha reachtacha an Aontais lena gcuirtear chun feidhme an prionsabal a leagtar síos san Airteagal sin, is é sin lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas.

Baineann Airteagail 39 agus 40 den Chairt leis an gceart chun vótáil agus seasamh mar iarrthóir ag toghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus ag toghcháin bhardasacha.

Le hAirteagal 53 den Chairt bunaítear go ndéanfar na cearta a leagtar amach inti a léirmhíniú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le comhaontuithe idirnáisiúnta inar páirtí an tAontas nó na Ballstáit uile. Cuimsítear leis sin an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) agus UNCPRD. Go háirithe an ceart chun neamh-idirdhealú a chumhdaítear in Airteagal 21 den Chairt ba cheart é a léirmhíniú trí chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur san áireamh.

### 3.4. Dlí toghcháin an Aontais

Ó thaobh an nós imeachta chun Feisirí Parlaimint na hEorpa a thoghadh, le hAirteagal 223(1) CFAE foráiltear, ar an gcéad dul síos, gur faoi Parlaimint na hEorpa atá sé togra a tharraingt suas chun na forálacha is gá a leagan síos le haghaidh toghadh a feisirí trí vótáil chomhchoiteann dhíreach i gcomhréir le nós imeachta aonfhoirmeach sna Ballstáit uile nó i gcomhréir le prionsabail is coiteann do na Ballstáit uile. Ar an dara dul síos, sonraítear leis gur faoi Chomhairle an Aontais Eorpaigh atá sé na forálacha sin a leagan síos.

Le hIonstraim Toghcháin 1976<sup>(29)</sup> leagtar amach na prionsabail choiteanna is infheidhme maidir le toghadh Ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach.

---

<sup>28</sup> [C-356/12, Glatzel](#).

<sup>29</sup> [Ionstraim maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach. Téacs comhdhlúite](#).

Le hAirteagal 8(1) den ionstraim sin foráiltear, faoi réir na bhforálacha eile, go ‘ndéanfar an nós imeachta toghcháin a rialáil i ngach Ballstát de réir a fhorálacha náisiúnta’.

An 3 Bealtaine 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa dréachtghníomh reachtach lena n-aisghairfí an Ionstraim Toghcháin agus lena gcuirfí rialachán nua ón gComhairle ina hionad maidir le toghadh fheisirí Parlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach<sup>(30)</sup>. Leis sin d’áireofaí bearta chun é a chur ar a gcumas do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa phróiseas toghchánach ar bhonn comhionann le daoine eile, lena n-áirítear daoine ar baineadh a n-inniúlacht dhlítheanach díobh<sup>(31)</sup>. Beartaíodh leis an ngníomh freisin oibleagáidí a leagan amach le haghaidh na mBallstát chun socruithe iomchuí a dhéanamh chun cuidiú le daoine faoi mhíchumas a gceart chun vótáil a fheidhmiú, go neamhspleách agus faoi rún, nó agus duine dá rogha féin de chúnaimh acu.

Tá idirphléití idirinstiúideacha maidir leis an téacs sin fós ar siúl.

### 3.5. Cearta vótála saoránach soghluaiste de chuid an Aontais

Faoi Airteagail 20(2)(b) agus 22 CFAE, beidh ag náisiúnaigh de Bhallstáit an Aontais: (a) an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin do Parlaimint na hEorpa agus (b) an ceart chun vótáil agus chun bheith ina n-iarrthóirí i dtoghcháin bhargasacha sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu. Deonaítear an dá cheart sin faoin gCairt freisin.<sup>(32)</sup>

Le hAirteagail 20 agus 22 CFAE foráiltear gur féidir le saoránaigh den Aontas a chónaíonn i mBallstát nach náisiúnach de é (saoránaigh ‘shoghluaiste’ de chuid an Aontais) na cearta sin a fheidhmiú faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Stáit sin. Dá thoradh sin, dlíthe náisiúnta lena leagtar amach na coinníollacha chun an ceart chun vótáil a fheidhmiú faoi ghné náisiúnta amháin, ba cheart feidhm a bheith acu freisin maidir le saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais maidir le toghcháin bhargasacha agus toghcháin do Parlaimint na hEorpa.

---

<sup>30</sup> [Togra le haghaidh RIALACHÁN ón gCOMHAIRLE maidir le toghadh Feisirí de Parlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, lena n-aisghairtear Cinneadh \(76/787/CEGC, CEE, Euratom\) ón gComhairle agus an Gníomh a bhaineann le toghadh feisirí de Parlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach atá i gceangal leis an gCinneadh sin.](#)

<sup>31</sup> ‘Beidh an ceart vótála ag gach saoránach den Aontas atá 16 bliana d’aois, **lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, beag beann ar a n-inniúlacht dhlíthiúil**, i dtoghcháin do Parlaimint na hEorpa gan dochar d’orduithe bunreachtúla atá ann cheana lena mbunaítear aois íosta vótála 18 mbliana d’aois nó 17 mbliana d’aois.’

<sup>32</sup> Dá thoradh sin, ba cheart Airteagal 52 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais a chomhlíonadh maidir le haon teorainn, agus, go háirithe, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an teorainn sin leis an dlí agus ba cheart inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú léi. Ina theannta sin, faoi réir phrionsabal na comhréireachta, ní fhéadfar teorainneacha a dhéanamh ach amháin má tá gá leo agus má shásaíonn siad i ndáiríre cuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó an riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

Le Treoir 93/109/CE<sup>(33)</sup> agus Treoir 94/80/CE<sup>(34)</sup> leagtar síos na socruithe chun an ceart a fheidhmiú chun vótáil agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus toghcháin bhargasacha le haghaidh saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais.

An 25 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún pacáiste beart chun an daonlathas a threisiú agus chun sláine na dtoghchán a chosaint. Cuimsíodh leis sin dhá thogra reachtacha athmhúnlaithé lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le cearta toghchánacha saoránach soghluaiste de chuid an Aontais.<sup>(35)</sup>

Leis na tionscnaimh sin déantar na rialacha a thabhairt cothrom le dáta, a shoiléiriú agus a neartú chun dul i ngleic leis na deacrachtaí atá ag saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais, lena n-áirítear saoránaigh faoi mhíchumas. Is é an aidhm atá ann rannpháirtíocht leathan agus chuimsitheach i dtoghcháin a áirithiú, tacú leis na grúpaí daoine sin agus a gcearta á bhfeidhmiú agus sláine na dtoghchán a chosaint. Leis na tionscnaimh sin iarrtar ar na Ballstáit freisin faisnéis thoghchánach a dhéanamh inrochtana do shaoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais atá faoi mhíchumas trí mhodhanna, móid agus formáidí iomchuí cumarsáide a úsáid. Beartaítear leis na tionscnaimh go mbeidh rochtain chomhionann ag saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais ar dheiseanna cianvótála agus vótála leictreonaí, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit sin. Tá idirphléití idirinstiúideacha maidir leis na téacsanna sin ar siúl.

### 3.6. Trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla

Ina thogra maidir le trédhearcacht agus spriocdhírú na fógraíochta polaitiúla<sup>(36)</sup>, cuid den phacáiste reachtach céanna, thug an Coimisiún aird freisin ar an ngá le fógraí trédhearcachta, a chuirfear ag gabháil le fógraí polaitiúla, a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

Tá idirphléití idirinstiúideacha maidir leis an téacs sin fós ar siúl.

---

<sup>33</sup> [Treoir 93/109/CE ón gComhairle an 6 Nollaig 1993 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú cheart saoránaigh an Aontais chun vótála agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa, ar saoránaigh iad a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh de iad. Téacs comhdhlúite.](#)

<sup>34</sup> [Treoir 94/80/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 1994 lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótála agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhargasacha ag saoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh de iad. Téacs comhdhlúite.](#)

<sup>35</sup> [Democracy and electoral rights \[An daonlathas agus cearta toghchánacha\] \(europa.eu\).](#)

<sup>36</sup> [Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus spriocdhírú na fógraíochta polaitiúla.](#)

### 3.7. Téacsanna eile de dhlí an Aontais

Ar théacsanna ábhartha eile de dhlí an Aontais áirítear Treoir (AE) 2019/882<sup>(37)</sup> (Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht) i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí, Treoracha 2014/24/AE<sup>(38)</sup> agus 2014/25/AE<sup>(39)</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar poiblí, Treoir (AE) 2016/2102<sup>(40)</sup> (an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin) agus Treoir 2010/13/AE<sup>(41)</sup> (an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc).

Le hAirteagal 3(1) den Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht sainmhínítear daoine faoi mhíchumas mar dhaoine a bhfuil lagú fadtéarmach coirp, meabhrach, intleachtúil nó céadfach orthu, ar lagú é, nuair a bhíonn orthu dul i ngleic le bacainní éagsúla, a d'fhéadfadh bac a chur ar rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach a bheith acu sa tsochaí ar bhonn comhionannais. Mhol an Coimisiún an sainmhíniú céanna a úsáid ina thogra maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach agus leis an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas<sup>(42)</sup>.

---

<sup>37</sup> [Treoir \(AE\) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí.](#)

<sup>38</sup> [Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE.](#)

<sup>39</sup> [Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE.](#)

<sup>40</sup> [Treoir \(AE\) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht shuíomhanna gréasáin agus fheidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí.](#)

<sup>41</sup> [Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos leis an dlí, le rialachán nó le gníomh riaracháin sna Ballstáit a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar \(an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc\)](#)

<sup>42</sup> [Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas.](#) Chumhdaigh CBAE coincheap/sainmhíniú an mhíchumais i gcásanna éagsúla, amhail: Cás C-13/05, Chacón Navas v Euresť Colectividades SA, ECLI:EU:C:2006:456; Cás C-303/06, Coleman v Attridge Law, ECLI:EU:C:2008:415; Cásanna Uamtha C-335/11 agus C-337/11, HK Danmark, ag gníomhú dó thar ceann Jette Ring v Dansk almennyttigt Boligselskab agus HK Danmark, ag gníomhú dó thar ceann Lone Skouboe Werge v Dansk Arbejdsgeberforening, ag gníomhú dó thar ceann Pro Display A/S (Ring agus Skouboe Werge), ECLI:EU:C:2013:222; Cás C-363/12, Z v Roinn Rialtais, Bord bainistíochta pobalscoile, ECLI:EU:C:2014:159; Cás C-354/13, FOA ag gníomhú dó thar ceann Karsten Kaltoft, ECLI:EU:C:2014:2463; Cás C-395/15, Daouidi v Bootes Plus SL agus Eile, ECLI:EU:C:2016:917; Cás C-270/16, Ruiz Conejero, ECLI:EU:C:2018:17; Cás C-406/15 Milkova, ECLI:EU:C:2017:198.

#### 4. Caighdeán idirnáisiúnta is infheidhme maidir le Ballstáit an Aontais

I dteannta UNCRPD, a bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit araon Páirtithe ann, gheall Ballstáit an Aontais seasamh le roinnt caighdeán idirnáisiúnta a bhaineann le cearta toghchánacha daoine faoi mhíchumas.

An Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint ('an Coinbhinsiún')<sup>(43)</sup>, lena gcuimhdaítear an ceart chun saorthoghchán, tá sé ábhartha freisin i gcomhthéacs ceart toghchánach daoine faoi mhíchumas.

Le Rún 2155(2017) ó Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa maidir le cearta polaitiúla daoine faoi mhíchumas iarrtar ar na Ballstáit bearta coinchréiteacha agus sonracha a dhéanamh chun rochtain ar vótáil agus rannpháirtíocht i dtoghcháin a éascú do dhaoine faoi mhíchumas.<sup>(44)</sup>

Bhreithnigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) comhoiriúnacht na bhforálacha maidir le toghcháin an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine le baint ceart vótála de dhaoine a cuireadh faoi chaomhnóireacht i gcásanna éagsúla. Sa chás *Alajos Kiss v. an Ungáir*<sup>(45)</sup> agus le déanaí sa chás *Anatoliy Marinov v. an Bhulgáir*<sup>(46)</sup>, tháinig ECtHR ar an gconclúid gurb amhlaidh maidir le cearta vótála a bhaint go neamh-idirdhealaitheach, gan meastóireacht bhreithiúnach indibhidiúlaithe agus bunaithe ar mhíchumas meabhrach lena bhfuil gá le caomhnóireacht pháirteach agus air sin amháin, nach féidir a mheas go bhfuil an méid sin comhoiriúnach leis an bhforas dlísteanaigh maidir leis an gceart chun vótáil a shrianadh. Níor shuigh sé go ndearnadh aon sárú ar an gCoinbhinsiún i gcás *Strøbye agus Rosenlind v. an Danmhairg*<sup>(47)</sup> ná i gcás *Caamaño Valle v. an Spáinn*<sup>(48)</sup> i gcás ina raibh baint ceart vótála de dhaoine faoi chaomhnóireacht bunaithe ar mheastóireachtaí breithiúnacha críochnúla agus indibhidiúlaithe. Shuigh ECtHR freisin nach bhféadfaí a eisiáimh gurb amhlaidh, le mainneachtain na n-údarás chun rochtain iomchuí a sholáthar d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí ar stáisiúin vótála, a d'fhéadfaí difear a dhéanamh dá gceart chun an saol príobháideach agus an saol teaghlach a urramú mar a chumhdaítear in Airteagal 8 den Choinbhinsiún.<sup>(49)</sup>

D'eisigh Coimisiún na Veinise *Revised Interpretative Declaration to the Code of Good Practice in Electoral Matters on the Participation of Persons with Disabilities in Elections* [Dearbhú Léiritheach Athbhreithnithe a ghabhann leis an gCód Dea-chleachtais maidir le hÁbhair Thoghcháin i dtaca le Rannpháirtíocht Daoine faoi

---

<sup>43</sup> [An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine \(coe.int\)](http://coe.int).

<sup>44</sup> [The political rights of persons with disabilities: a democratic issue \[Cearta polaitiúla daoine faoi mhíchumas: saincheist dhaonlathach\]](#).

<sup>45</sup> [Cás Alajos Kiss v. an Ungáir](#).

<sup>46</sup> [Cás Anatoliy Marinov v. an Bhulgáir](#).

<sup>47</sup> [Cás Strøbye agus Rosenlind v. an Danmhairg](#).

<sup>48</sup> [Cás Caamaño Valle v. an Spáinn](#).

<sup>49</sup> [Cás Mólka v an Pholainn, 2006](#).



Mhíchumas i dToghcháin]<sup>(50)</sup>. Leis an dearbhú sin comhlánaítear na cúig phrionsabal is bonn le hoidhreacht thoghchánach na hEorpa: vótáil chomhchoiteann, chomhionann, shaor, rúnda agus dhíreach chun a áirithiú go mbeidh daoine faoi mhíchumas in ann a gceart chun vótáil a fheidhmiú ar bhonn comhionann le daoine eile.

Ar cheann de ghníomhaíochtaí na hOifige um Dhaonlathú agus um Chearta an Duine (ODHIR) de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) áirítear toghcháin a bhreathnú. Le misin breathnóireachta ODHIR um thoghcháin déantar measúnú ar inrochtaineacht ábhar faisnéise, liostaí iarrthóirí, páipéar ballóide agus stáisiún vótála. Tá méadú ag teacht ar a mhinice a thagraíonn ODHIR do UNCRPD ina thuarascálacha breathnóireachta toghchán, i dteannta Dhoiciméad ESCE Chóbanhávan agus chaighdeáin Chomhairle na hEorpa amhail an Cód Dea-chleachtas maidir le hÁbhair Thoghcháin arna eisiúint ag Coimisiún na Veinése agus an dearbhú léiritheach athbhreithnithe maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas agus impleachtaí chásdlí ECtHR.<sup>(51)</sup>

## 5. Timpeallachtaí lena dtacaítear le rannpháirtíocht i dtoghcháin

Chun tacú le rannpháirtíocht thoghchánach daoine faoi mhíchumas, tá gá le cur chuige ilghnéitheach chun go méadófar inrochtaineacht fhoriomlán na timpeallachta, na seirbhísí agus na faisnéise lena n-idirghníomhaíonn daoine faoi mhíchumas.

Cuirtear dea-chleachtas thoghchánacha na mBallstát i láthair leis na pointí seo a leanas. Le hlarscríbhinn I, rud a forbraíodh ar bhonn na ndea-chleachtas sin soláthraítear seicliosta praiticiúil de na pointí éagsúla ar a bhfuil aghaidh le tabhairt.

### 5.1. Beartais shonracha a fhorbairt

Is gá beartais shonracha a fhorbairt agus eintitis éagsúla rannpháirteach, lena n-áirítear údaráis inniúla ar an leibhéal náisiúnta, leibhéal réigiúnach agus leibhéal áitiúil, comhlachtaí comhionannais agus údaráis toghcháin.

Tá beartais den sórt sin forbartha ag Ballstáit éagsúla. Mar shampla, san Ísiltír, in 2021 agus 2022, chruthaigh an Aireacht Gnóthaí Baile agus Caidreamh Ríochta plean gníomhaíochta vótála inrochtana, i gcomhar le heagraíochtaí míchumais agus grúpaí leasmhara eile, Comhlachas bhardais na hÍsiltíre, Comhlachas na hÍsiltíre le haghaidh Leasanna na Saoránach, an Chomhairle um Thoghcháin agus an Aireacht Sláinte, Leasa agus Spórt. Bhí sé d'aidhm ag an bplean feabhas a chur ar inrochtaineacht na stáisiún vótála, faisnéis maidir le vótáil a sholáthar a bheadh níos sothuigte le haghaidh cách, comhaltaí an stáisiúin vótála a chur ar an eolas ar

---

<sup>50</sup> [Revised Interpretative Declaration to the Code of Good Practice in Electoral Matters on the Participation of People with Disabilities in Elections \[Dearbhú Léiritheach Athbhreithnithe a ghabhann leis an gCód Dea-chleachtas maidir le hÁbhair Thoghcháin i dtaca le Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas i dToghcháin\]](#).

<sup>51</sup> Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach an [t-airteagal Toghcháin](#) de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE).

bhealach níos fearr maidir le hinrochtaineacht, agus páirtithe polaitiúla a spreagadh chun labhairt agus scríobh i dteanga shimplí ina bhfeachtas toghchánaíochta.

Leag Málta gníomhaíochtaí amach chun tacú le hiarrthóirí faoi mhíchumas i dtoghcháin áitiúla agus náisiúnta agus i dtoghcháin de chuid an Aontais ina Straitéis Náisiúnta um Chearta Daoine Faoi Mhíchumas le haghaidh 2021-2030. Ionadaithe ón gCoimisiún Toghcháin, páirtithe polaitiúla agus iarrthóirí faoi mhíchumas tá siad ag obair go dlúth leis an gCoiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas chun bearta reachtacha agus beartais tacaíochta a dhearadh agus a chur chun feidhme faoi 2026.

Baineann formhór na hoibre a dhéanann údaráis toghcháin leis an gcéim i dtaca le toghcháin a phleanáil. Trí phleanáil chuimsitheach agus beartais agus bearta sonracha, is féidir leis na húdaráis sin cuidiú lena áirithiú go mbeidh toghcháin ina dtoghcháin ionchuimsitheacha agus ina gcuidiú chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas a mhéadú, go háirithe i gcás inar sprioc chothrománach é sin, rud atá comhtháite sna pleananna oibríochtúla le haghaidh toghcháin.

## 5.2. Feasacht a mhúscailt agus dearcthaí a athrú

Ghlac na Ballstáit cuir chuige éagsúla chun tacú le cearta toghchánacha daoine faoi mhíchumas a ghlacann páirt sa phróiseas toghchánach. I mBallstáit éagsúla, údaráis éagsúla ar leibhéal dhifriúla, lena n-áirítear comhlachtaí comhionannais agus údaráis toghcháin, oibríonn siad chun rannpháirtíocht i dtoghcháin agus feasacht ar phróisis pholaitiúla a mhéadú i measc daoine faoi mhíchumas. Is éard atá i gceist leis sin cruinnithe a eagrú, feachtais faisnéise shonracha a reáchtáil, pacáistí cumarsáide a chur ar fáil, bileoga oideachais ullmhúcháin vótála agus leabhráin ina bhfuil teanga, pictiúir agus léaráidí soléite.

Ina Straitéis Náisiúnta maidir le cearta daoine faoi mhíchumas, *An equitable Romania, 2022-2027 [An Rómáin agus í cothromasach, 2022-2027]*<sup>(52)</sup>, gheall an Rómáin feasacht faisnéise a reáchtáil le haghaidh daoine faoi mhíchumas maidir le rannpháirtíocht i dtoghcháin agus reifrinn, i gcomhar le heagraíochtaí míchumais ionadaíochta. Is féidir gurb úsáideach feasacht a mhúscailt agus úsáid á baint as ábhair físe a dheartar do dhaoine faoi mhíchumas, mar atá le fáil san Fhionlainn.<sup>(53)</sup>

Maidir leis an gCoimisiún Toghcháin nuabhunaithe de chuid na hÉireann, dar teideal An Coimisiún Toghcháin, tá feidhm nua oideachais agus feasachta vótálaithe aige – lena n-oibrítear chun rannpháirtíocht a mhéadú i bpróisis dhaonlathacha na hÉireann agus chun feasacht orthu a chur chun cinn. Mar chuid dá chúraimí rannpháirtíochta poiblí, spreagfaidh sé rannpháirtíocht thoghchánach grúpaí tearcshroichte amhail daoine faoi mhíchumas.<sup>(54)</sup>

---

<sup>52</sup> [Strategia națională „O Românie echitabilă”, 2022-2027 – Autoritatea Națională pentru Protecția Drepturilor Persoanelor cu Dizabilități \(gov.ro\).](https://www.gov.ro/ro/Strategia-nationala-O-Romanie-echitabila-2022-2027-Autoritatea-Nationala-pentru-Protectia-Drepturilor-Persoanelor-cu-Dizabilitati)

<sup>53</sup> Féach mar shampla [Yle broadcasts municipal election debate in ‘Easy Finnish’ \[Craolann Yle díospóireacht toghcháin bhardasaigh san ‘Fhionlainnis éasca’\]](#).

<sup>54</sup> [Coimisiún Toghcháin Reachtúil, Neamhspleách na hÉireann.](#)

Déanann eintitis eile gníomhaíochtaí múscaillte feasachta. Mar shampla, comhordaíonn an Fóram Eorpach maidir leis an Míchumas tionscadal atá cistithe ag an Aontas, Cearta Míchumais sna Toghcháin Eorpacha (DREE), arb é is aidhm dó rannpháirtíocht pholaitiúil daoine faoi mhíchumas a mhéadú i dtoghcháin Eorpacha 2024. I dteannta seacht gcomhlachas náisiúnta is comhaltaí, leis an tionscadal DREE cumhachtaítear agus slógtar daoine faoi mhíchumas chun teacht chun bheith ina vótálaithe, ina n-iarrthóirí agus ina n-abhcóidí.<sup>(55)</sup>

In 2011, rinne Cuimsiú san Eoraip an tionscadal *Freastal d'Éagsúlacht le haghaidh Rannpháirtíocht Ghníomhach i dtoghcháin Eorpacha*, a cistíodh faoin gClár um Chearta Bunúsacha agus um Shaoránacht, lenar músclaíodh feasacht ar na constaicí ar inrochtaineacht na dtoghchán le haghaidh daoine faoi mhíchumas san Eoraip. D'fhorbair sé treoir náisiúnta freisin<sup>(56)</sup> dar teideal *Voting for All!*, [Recommendations for Accessible Elections in Europe](#) [Vótáil le haghaidh Cách! Moltaí le haghaidh Toghcháin Inrochtana san Eoraip]<sup>(57)</sup>, agus bailiúchán de dhea-chleachtais le haghaidh toghcháin inrochtana san Eoraip<sup>(58)</sup> a foilsíodh i mBéarla, i bhFraincis agus i Seicis. Le haghaidh na gcéad toghchán eile do Pharlaimint na hEorpa, déanfaidh Cuimsiú san Eoraip feachtas feasachta lena ndíreofar ar mhná faoi mhíchumas intleachta agus ar an rannpháirtíocht pholaitiúil. Beidh san fheachtas sraith agallamh le féin-abhcóidí, mná faoi mhíchumas sa pholaitíocht, chun éisteacht lena n-aiseolas maidir leis an tábhacht a bhaineann le vótáil agus le bheith tofa le haghaidh mná faoi mhíchumas. Cuirfear chun cinn leis an bhfeachtas freisin físeáin maidir le vótáil, maidir le saincheist na caomhnóireachta agus músclófar feasacht leis ar thoghcháin i measc daoine faoi mhíchumas trí fheachtas cumarsáide a reáchtáil.

### 5.3. Comhar le heagraíochtaí a thacaíonn le cearta daoine faoi mhíchumas

I bhformhór na mBallstát, eagraíochtaí a thacaíonn le cearta daoine faoi mhíchumas tá baint acu sna céimeanna uile den timthriall toghchánach, trí idirphlé agus comhar dlúth leis na húdaráis ábhartha. Mar shampla, áirítear na heagraíochtaí sin sa phróiseas a bhaineann le rialacha nua a phlé agus a dhearadh maidir leis an vótáil chuidithe nó sa mheastóireacht ar na rialacha maidir le cúnaimh i ndáil le toghcháin shonracha.

Sa Chróit agus sa Spáinn, tá baint ag eagraíochtaí míchumais le tionscadail chomhpháirteacha chun tacú le vótálaithe faoi lagamharc trí thaifeadtaí fuaime den liosta iarrthóirí a léiriú nó chun tacú le vótálaithe a bhfuil laguithe closamhairc orthu. Soláthraíonn siad an tacaíocht sin trí aistriitheoirí a thionlacann iad ón dteach go dtí an stáisiún vótála agus ar ais, trí ateangaireacht chomharthaíochta nó

---

<sup>55</sup> [Cearta Míchumais sna Toghcháin Eorpacha \(DREE\)](#).

<sup>56</sup> [Feachtais rathúla a chruthú le haghaidh toghcháin níos inrochtana \(inclusion-europe.eu\)](#).

<sup>57</sup> [Recommendations for Accessible Elections in Europe](#) [Moltaí le haghaidh Toghcháin Inrochtana san Eoraip].

<sup>58</sup> [Good Practices for Accessible Elections in Europe](#) [Dea-chleachtais le haghaidh Toghcháin Inrochtana san Eoraip].

ateangaireacht shonrach eile a sholáthar agus trí chúnamh a thabhairt dóibh na ballóidí a líonadh isteach.

Is féidir le heagraíochtaí míchumais cuidiú freisin le hábhair agus oiliúint thoghchánach oifigiúil a ullmhú, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann go sonrach le toghchán i dteanga shimplí, mar is amhlaidh sa Liotuáin, i Lucsamburg agus sa Phortaingéil, agus cártaí vótála sothuigthe, mar is amhlaidh san Ungáir. Déanann siad a dtionscnaimh féin freisin chun inrochtaineacht a chur chun cinn i dtoghcháin. Mar shampla, dáileann siad faisnéis maidir le hinrochtaineacht na stáisiún vótála agus soláthraíonn siad oiliúint d'oifigigh thoghcháin maidir le hinrochtaineacht. Tacaíonn Aireacht Ceartais na Fionlainne le soláthar faisnéise toghcháin le haghaidh daoine lagamhairc in éineacht le Cónaidhm na Fionlainne maidir le Daoine Lagamhairc. Sa Spáinn, an nós imeachta vótála inrochtana le haghaidh daoine faoi mhíchumas amhairc lena n-úsáidtear an córas léitheoireachta-scríbhneoireachta Braille, cuirtear chun feidhme é i gcomhar le ONCE (eagraíocht náisiúnta dhail na Spáinne<sup>(59)</sup>). Comhar idir údaráis na Spáinne agus eagraíochtaí míchumais chun deireadh a chur leis na constaicí a bhíonn ann le linn na bpróiseas toghchánach, is é a tháinig as sin freisin úsáid comharthaíochta inrochtana ag stáisiúin vótála agus lámhleabhar soléite le haghaidh comhaltaí de stáisiúin vótála.

I mBallstáit éagsúla, déantar inrochtaineacht na stáisiún vótála a mheasúnú de réir seicliostaí arna gcruthú i gcomhpháirt ag údaráis inniúla agus eagraíochtaí míchumais nó arna bhforbairt ag na heagraíochtaí sin iad féin. Féadfaidh na heagraíochtaí sin tacú leis na húdaráis freisin trí cheistneoirí a ullmhú, mar a dhéanann siad sa Laitvia, treoirlínte a ullmhú, mar a dhéanann siad sa Bheilg agus sa Rómáin, agus trí mholtaí a eisiúint, aiseolas a bhailiú agus a chur isteach maidir le hinrochtaineacht na stáisiún vótála agus na n-ábhar toghcháin. Is féidir leis na heagraíochtaí sin a bheith rannpháirteach freisin i stáisiúin vótála a iniúchadh chun a fhionnadh cé acu atá nó nach bhfuil siad inrochtana, mar a dhéanann siad sa Liotuáin.

Ballstáit eile amhail an Chróit, Éire, an Rómáin agus an Spáinn chuir siad a gcomhar le heagraíochtaí míchumais ar bhonn foirmiúil, trí chomhaontuithe sonracha a thabhairt i gcrích nó meithleacha a chur ar bun.

De thoradh an chomhaontaithe a síníodh in 2021 idir Aireacht Gnóthaí Baile na Spáinne agus an comhlachas *Plena Inclusión España* (Cuimsiú Iomlán sa Spáinn), rinneadh treoirthionscadal<sup>(60)</sup> le haghaidh comharthaíocht inrochtana a sheoladh le linn na dtoghchán áitiúil is déanaí in 2023.<sup>(61)</sup> Is éard a bhí i gceist leis sin póstaer a dháileadh chun inrochtaineacht chognaíoch a chur chun cinn (le haghaidh daoine faoi mhíchumas intleachta agus seanóirí) in áiteanna vótála i gcathair Mhaidrid, tionscadal lena áiríodh comhar ó Thoscaireacht an Rialtais i Maidrid freisin. Is é a bhí sa tionscadal, rud a cuireadh chun feidhme sna toghcháin pharlaiminteacha is déanaí freisin, seacht bpicteagram san iomlán arna ndearadh ag *Plena Inclusión*

---

<sup>59</sup> [Suíomh gréasáin ONCE](#).

<sup>60</sup> [Inrochtaineacht](#). Elecciones Generales Julio 2023.

<sup>61</sup> 28 Bealtaine 2023.

chun rochtain ar an áit vótála a éascú, agus treoir<sup>(62)</sup>. Beartaítear go leathnófar an tionscadal sin chuig cathracha eile i nglanna ar thograí amach anseo.

#### 5.4. Inrochtaineacht agus inúsáidteacht foirgneamh a mhéadú

Ghlac formhór na mBallstát ceanglais shonracha chun a áirithiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas foirgnimh a rochtain. Is éard a cheanglaítear i dtaca le foirgnimh go n-úsáidfidh daoine a bhfuil laguithe fisiceacha orthu iad go sábháilte agus gan rochtain bhactha. Ciallaíonn foirgneamh inrochtana foirgneamh atá inúsáidte go háisiúil, go sábháilte agus go neamhspleách ag cách, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas nó grúpaí ag a bhfuil gá le huirlisí speisialta nó socruithe teicniúla. Ní mór conair amháin ar a laghad a bheith inrochtana ag foirgnimh agus bonneagar, lena soláthraítear rochtain shábháilte agus chompordach do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

#### 5.5 Oiliúint agus tacaíocht shonrach le haghaidh oifigigh thoghcháin

I mBallstáit éagsúla, le treoirlínte agus lámhleabhair le haghaidh oifigigh stáisiúin vótála, a ullmhaítear go hiondúil i gcomhar le heagraíochtaí míchumais, soláthraítear faisnéis maidir le conas é a éascú do dhaoine faoi mhíchumas vótáil, lena n-áirítear glacadh vótálaithe faoi mhíchumas agus cúnamh dóibh, a bheidh saincheaptha dá gcineál míchumais. Cuirtear oiliúint ar oifigigh stáisiúin vótála freisin maidir le conas nascadh le daoine faoi mhíchumas agus cuidiú leo a gcearta vótála a fheidhmiú, ar bhealach neamhspleách nó cuidithe.<sup>(63)</sup> Ullmhaíonn an Danmhairg quizeanna freisin le haghaidh oifigigh thoghcháin chun a n-eolas a thástáil maidir le conas cúnamh a thabhairt do vótálaithe. San Ísiltír, féadfaidh daoine faoi mhíchumas obair dheonach a dhéanamh i stáisiúin vótála agus iad a bhainistiú.<sup>(64)</sup> Soláthraíonn an Chróit oiliúint d'oifigigh thoghchánacha maidir le conas cúnamh a thabhairt do vótálaithe faoi mhíchumas agus foilsíonn sí faisnéis shonrach maidir le nósanna imeachta vótála le haghaidh daoine faoi mhíchumas lena dáileadh ar choistí toghcháin.

Soláthraíonn an Spáinn tacaíocht shonrach le haghaidh daoine faoi lagamharc, a bhfuil laguithe éisteachta nó intleachta orthu, rud a chistítear go poiblí. Áirítear leis sin lámhleabhair sholáite agus seirbhís lúibe ionduchtúcháin mhaighnéadach saor in aisce ag na stáisiúin vótála le haghaidh daoine a bhfuil laguithe éisteachta orthu (úsáideoirí áise éisteachta) ar ceapadh ina gcomhaltaí den stáisiún vótála iad (lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha araon). Socraíonn sí freisin seirbhís ateangaireachta comharthaíochta saor in aisce le haghaidh daoine a bhfuil laguithe éisteachta orthu ar ceapadh ina n-oifigigh stáisiúin vótála iad agus le haghaidh

---

<sup>62</sup> [Guía para señalar los colegios electorales.](#)

<sup>63</sup> Mar shampla, sa Bheilg, an Eastóin, an Chróit, an Chipir, an Danmhairg, Éire, an Liotuáin, an Phortaingéil, an Rómáin, an Spáinn, an tSualainn.

<sup>64</sup> [Toghcháin inrochtana agus cuimsitheacha san Ísiltír.](#)

daoine faoi lagamharc agus a bhfuil laguithe cognaíocha orthu, arna iarraidh sin dóibh<sup>(65)</sup>)

## 6. For-rochtain le haghaidh daoine faoi mhíchumas le linn an timthrialla thoghchánaigh

### 6.1. Inrochtaineacht cumarsáidí oifigiúla

Formhór na mBallstát (lena n-áirítear an Bheilg, an Bhulgáir, Éire, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an Spáinn, an tSualainn, an Ungáir) ullmhaíonn agus dáileann siad ábhair oideachais vótálaithe agus soláthraíonn siad faisnéis thoghchánach, lena n-áirítear le haghaidh grúpaí sonracha vótálaithe, amhail daoine faoi mhíchumas. Soláthraíonn siad faisnéis maidir le toghcháin i bhformáidí éagsúla amhail físeán, fuaim, cló mór, bileoga eolais, bileoga agus bróisiúir i dteanga sholáite, Braille agus ‘closleabhair daisy’.

Suíomhanna gréasáin lena soláthraítear faisnéis maidir le toghcháin ní mór ceanglais inrochtaineachta idirnáisiúnta a chomhlíonadh leo, amhail Treoirínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán<sup>(66)</sup>). Tá suíomhanna gréasáin ag teacht chun bheith níos inrochtana, de réir a chéile, sna Ballstáit uile. I gcásanna áirithe, is féidir le vótálaithe easnaimh a thuairisciú in inrochtaineacht an ábhair sin trí fhoirm theagmhála, mar is amhlaidh sa Ghearmáin.

Tá Ballstáit áirithe ag obair freisin ar fhoráidí digiteacha sonracha, amhail físeáin agus aipeanna chun cuidiú le daoine faoi mhíchumas a áireamh agus deireadh a chur le bacainní. I dtíortha eile, amhail an tSeicia, áirítear cóid QR leis na bileoga eolais lena dtagraítear do bhallóidí agus físeáin shamplacha i dteanga chomharthaíochta le haghaidh daoine a bhfuil lagú éisteachta orthu. Osclaíonn an Fhionlainn líne chabhrach theileafóin toghchán agus seirbhís WhatsApp roimh gach toghchán. Soláthraíonn an Ghréig seirbhís ar líne ‘*Faigh amach cén áit le dul ag vótáil*’ inar féidir le vótálaithe foirm a líonadh isteach le faisnéis phearsanta bhunúsach agus faisnéis a fháil go huathoibríoch maidir leis an stáisiún vótála ina vótálfaidh siad, lena n-áirítear an seoladh agus léarscáil rochtana go dtí an stáisiún vótála. Sa Liotuáin, déantar físeáin a bhaineann le toghcháin arna n-ullmhú nó arna n-ordú ag an gCoimisiún Lárnach Toghchán a chraoladh ar chainéil teilifíse náisiúnta agus ar thairseacha nuachta agus aistrítear i dteanga chomharthaíochta iad.

I mBallstáit éagsúla, amhail an Fhrainc agus an Ghréig, spreagtar craoltóirí na meán chun a gcláir uile maidir le toghcháin a dhéanamh inrochtana: nuacht teilifíse, díospóireachtaí idir iarrthóirí, cláir agus cláir faisnéise maidir le feachtais toghcháin agus iarrthóirí. Is féidir leo inrochtaineacht a bhaint amach trí fhoitheidealú (go comhuaineach le haghaidh tarchuir bheo) agus ateangaireacht chomharthaíochta a

---

<sup>65</sup> Is féidir na seirbhísí sin a iarraidh ó Bhord Toghchánach an Limistéir, i scríbhinn agus laistigh de 7 lá ó fhógra a fháil maidir lena gceapachán.

<sup>66</sup> [WCAG 2 Forbheathnú ar an Tionscnamh maidir le hInrochtaineacht ar an nGréasán \(WAI\) – W3C.](#)

chur isteach. D'fhoilsigh rialtóir meán na Fraince treoir agus samplaí coincreiteacha inti arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar cháilíocht fhísiúil na hateangaireachta comharthaíochta.<sup>(67)</sup> Soláthraithe seirbhíse teilifíse na Fraince ag a bhfuil lucht féachana bliantúil os cionn 2.5 % den lucht féachana iomlán, cuirtear de cheangal orthu rochtain ar na cláir nuachta thoghcháin uile a thabhairt do dhaoine a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu trí fhotheidealú nó ateangaireacht chomharthaíochta a sholáthar. Le haghaidh thoghchán uachtaráin na Fraince, ní mór do na hiarrthóirí uile míreanna teilifíse inrochtana a sholáthar, le fothaidil ar a laghad fiú amháin má sholáthraíonn iarrthóirí áirithe ateangaireacht chomharthaíochta freisin.<sup>(68)</sup> Déanann údarás neamhspleách atá i gceannas ar na rialacha feachtais a leagan síos sna meáin seiceáil ar an oibleagáid sin.<sup>(69)</sup> Cuirtear de cheangal ar sholáthraithe seirbhíse teilifíse eile de chuid na Fraince rochtain ar na príomhchláir nuachta thoghcháin ag buaic-amanna féachana a éascú (trí fhotheidealú nó ateangaireacht chomharthaíochta) do dhaoine ar a bhfuil laguithe éisteachta agus ní mór do sholáthraithe seirbhíse teilifíse díospóireachtaí idir iarrthóirí a dhéanamh inrochtana. Iarrthóirí ar a n-iarrtar labhairt ar ardáin teilifíse féadfaidh siad a sheiceáil freisin leis na cainéil go soláthraíonn siad na gnéithe inrochtaineachta sin i ndáiríre.<sup>(70)</sup>

Comhroinneann Ballstáit éagsúla (amhail an Eastóin, an Ghearmáin, an Ungáir agus an Liotuáin) faisnéis maidir le hinrochtaineacht na stáisiún vótála trí fheidhmchláir léarscáile digití, ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás toghcháin, nó ar an bhfógra maidir leis an toghchán a sheoltar chuig vótálaithe.

Sa Ghearmáin, leis an bhfaisnéis a sholáthraítear do vótálaithe maidir le suíomh stáisiún vótála tá pictagraim éagsúla lena dtugtar tuairisc ar chumraíocht an stáisiúin vótála agus áirítear uimhreacha teileafóin léi.

Soláthraíonn an Ísiltír uirlis ar líne<sup>(71)</sup> chun stáisiún vótála inrochtana a aimsiú le haghaidh daoine faoi mhíchumas. Tá critéir chuardaigh éagsúla ag an uirlis lena n-áirítear áiseanna amhairc, áiseanna éisteachta, fuaimíocht atá oiriúnach do dhaoine a bhfuil lagú éisteachta orthu agus áiseanna inrochtana eile.

Úsáideann an Fhrainc painéil faisnéise faoin aer freisin chun suíomh agus uaireanta oscailte na stáisiún vótála a léiriú, painéil nach mór ceanglais shonracha a chomhlíonadh leo chun inléiteacht agus infheictheacht na faisnéise a áirithiú.

Sa Spáinn, ní mór comharthaíocht chuí a bheith sna stáisiún vótála freisin, lena n-áirítear tagairt do na háiseanna inrochtana atá ar fáil agus do na huaireanta oscailte.

---

<sup>67</sup> [Guide de mise en image de la Langue des signes française.](#)

<sup>68</sup> [Présidentielle 2022: comment l'Arcom renforce l'accessibilité de la campagne électorale.](#)

<sup>69</sup> [Autorité de régulation de la communication audiovisuelle et numérique.](#)

<sup>70</sup> [Le vote des personnes en situation de handicap: l'accessibilité des opérations de vote. Les élections en France.](#)

<sup>71</sup> Ar an suíomh gréasáin [Alle stembureaus in Nederland](#) tá faisnéis maidir le suíomhanna stáisiún vótála agus a mhéid atá siad (níos) inrochtana.

San Ungáir, le feachtais faisnéise vótálaithe áirítear fógraí do vótálaithe aonair agus teachtaireachtaí saincheaptha le haghaidh daoine faoi mhíchumas. Soláthraítear san Ungáir cártaí vótála i dteanga shothuigthe agus ábhar soléite ag gabháil leo, arna iarraidh sin don vótálaí.

Soláthraíonn an Ísiltír sraith uirlisí digiteacha do bhordais agus comhpháirtithe eile ina bhfuil uirlisí cumarsáide éagsúla le haghaidh vótálaithe faoi mhíchumas. Soláthraítear san Ísiltír faisnéis maidir leis na saoráidí atá le fáil sa stáisiún vótála, ionas gur féidir le vótálaithe a vóta a chaitheamh go neamhspleách. Soláthraítear faisnéis ann freisin maidir le toghcháin i dteanga inrochtana agus i dteanga chomharthaíochta trí shuíomh gréasáin tiomnaithe. Sa tsraith uirlisí freisin tá leagan den bhallóid vótála atá inrochtana go digiteach, mar shampla. Le haghaidh na n-ábhar cumarsáide uile maidir leis na toghcháin, cuirtear cumarsáid amhairc i dtábhacht léi a mhéid is féidir agus úsáid teanga soiléire. I gcomhar le grúpaí leasmhara, forbraíodh ábhair chumarsáide agus cuireadh ar fáil iad le haghaidh daoine faoi mhíchumas. Áirítear leis sin treoracha maidir le conas vótáil agus úsáid á baint as teimpléad, fógrán agus nuachtán toghcháin le haghaidh vótálaithe faoi (mion) mhíchumas cogaíoch, grafaic eolais maidir le háiseanna sa stáisiún vótála, físeáin fhaisnéiseacha i dteanga chomharthaíochta, leagan atá inrochtana go digiteach den bhallóid vótála agus cruthúnas seachvóta le fáil ar líne, faisnéis maidir leis na háiseanna inrochtaineachta i stáisiún vótála ar shuíomh gréasáin tiomnaithe. Ina theannta sin, eagraíonn bardais áirithe vóta tástála sa tréimhse roimh an toghchán chun an deis a thabhairt do vótálaithe ‘cleachtadh a dhéanamh’ ar a vóta a chaitheamh, agus chun é a chur ar a gcumas dóibh vótáil go neamhspleách lá an toghcháin.

Soláthraíonn an Spáinn uimhir theileafóin seirbhíse le haghaidh custaiméirí saor in aisce do dhaoine a bheartaíonn úsáid a bhaint as an nós imeachta vótála inrochtana – an córas léitheoireachta-scríbhneoireachta Braille. Leis an tseirbhís teileafóin sin soláthraítear faisnéis freisin maidir leis na hiarrthóirí toghchánacha agus gnéithe eile den nós imeachta vótála.

Soláthraíonn an tSualainn suíomh gréasáin ‘labhartha’ do dhaoine faoi lagamharc agus daoine ag a bhfuil deacrachtaí téacs a léamh (mar shampla, daoine a bhfuil disléicse orthu) ionas gur féidir leo éisteacht le faisnéis a léitear os ard.

## 6.2. Inrochtaineacht na fógraíochta polaitiúla

Sa Fhrainc, iarrtar ar iarrthóirí na doiciméid feachtais toghcháin uile (e.g. bileoga faisnéise) a chur ar fáil go comhuaineach i bhfoirm pháipéir chlóite, ar shuíomh gréasáin (lena gcomhlíontar ceanglais inrochtaineachta dhlíthiúla<sup>(72)</sup>) agus i bhformáid inrochtana ina bhfuil luach fianaiseach, i gcomhréir le critéir inrochtaineachta an Achta um Chearta Comhionanna agus Comhionannas Deiseanna 2005. Ní mór an méid sin a bheith le fáil freisin i leagan soléite intuigthe.

---

<sup>72</sup> RGAA: référentiel général d’amélioration de l’accessibilité, décret No 2009-546 du 14 mai 2009 modifié en septembre 2019.



Ní mór an t-ábhar sin a bheith ar fáil ó thús an fheachtais toghcháin go ndúntar an toghchán.<sup>(73)</sup>

I mBallstáit éagsúla, amhail an Ungáir agus an Spáinn, ní mór d'urraitheoirí a áirithiú go mbeidh fógraíocht pholaitiúil inrochtana. Sa Liotuáin, ag tosú le 2019, le haghaidh gach toghcháin, cuireann an Coimisiún Lárnach Toghchán iarrthóirí ar an eolas gur cheart dóibh cuimhneamh ar riachtanais vótálaithe faoi mhíchumas agus a n-ábhair thoghcháin á n-ullmhú acu.

Sa Spáinn, cuirtear de cheangal ar eagraíochtaí poiblí a áirithiú go mbeidh a ngníomhaíochtaí poiblí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus faisnéis inrochtana a sholáthar, aon uair is féidir. Áirítear leis sin leathanaigh ghréasáin, ábhair chlóite i bhformáidí atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, seirbhísí cúnamh teileafóin agus formáidí closamhairc. Cuirtear de cheangal ar stáisiúin teilifíse agus raidió náisiúnta faoi úinéireacht phoiblí spásanna saora a chur ar fáil le haghaidh fógraíocht pholaitiúil ó iarrthóirí, páirtithe polaitiúla, cónaidhmeanna, comhghuaillíochtaí agus grúpaí vótálaithe, lena gcomhlíontar riachtanais inrochtaineachta shonracha daoine faoi mhíchumas.

Le haghaidh thoghcháin 2019 do Pharlaimint na hEorpa, rinne Comhlachas na Gearmáine le haghaidh na nDall agus Daoine Lagamhairc tástáil ar inúsáidteacht agus inléiteacht na n-ábhar a úsáidtear san fheachtas toghcháin le haghaidh úsáideoirí léitheora scáileáin. Rangaigh siad na hábhair in aghaidh critéir shocraithe agus sheol siad torthaí an mheasúnaithe sin chuig na páirtithe polaitiúla a bhí ag seasamh i dtoghchán.<sup>(74)</sup>

## **7. Dearadh uilíoch agus cóiríocht réasúnach sa timthriall toghchánach – nósanna imeachta, áiseanna agus ábhair**

### **7.1. Nósanna imeachta clárúcháin**

Le húsáid nósanna imeachta clárúcháin sa phróiseas toghchánach, gan beann ar a gcríoch, soláthraítear deiseanna criticiúla chun idirghníomhaíochtaí a éascú idir daoine faoi mhíchumas agus údarais inniúla, lena n-áirítear trí uirlisí agus modhanna inrochtana éagsúla, amhail foirmeacha páipéir agus digiteacha inrochtana. I gcás ina gcláraítear go pearsanta, tá an-tábhacht le hinrochtaineacht ionad agus faisnéise.

I bhformhór na mBallstát, déantar vótálaithe a chlárú go huathoibríoch i dtoghcháin náisiúnta. Úsáideann dhá Bhallstát, an Chipir agus Éire, clárú vótálaithe gníomhach, cé go n-úsáideann cinn eile uirlisí ar líne chun an tosaíocht do nós imeachta vótála sonrach nó an ceart chuige a chlárú, amhail vótáil phoist nó vótáil mhóibíleach. Chun úsáid na n-uirlisí sin a éascú, chuir na Ballstáit chun feidhme ceanglais inrochtaineachta agus d'áirithigh siad go bhfuil ábhar ar líne inrochtana ó réimse

---

<sup>73</sup> [Le vote des personnes en situation de handicap: l'accessibilité des opérations de vote. Les élections en France.](#)

<sup>74</sup> [Searmanas Deimhniú – Comhlachas na Gearmáine le haghaidh na nDall agus Daoine Lagamhairc.](#)

gaires. D'fhorbair siad foirmeacha simplithe freisin i dteanga shoiléir atá dírithe ar an úsáideoir. Sa Chipir, oifigí na Riarachán Ceantair ina láimhseáiltear iarratais ar chlárúchán sna rollaí toghthóirí, tá siad inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. Tá soláthar faisnéise inrochtana maidir le clárú vótálaithe, mar a dhéanann Ballstáit éagsúla amhail Lucsamburg, ríthábhachtach freisin chun an próiseas sin a éascú.

I mBallstáit áirithe, féadfaidh iarrthóirí tairbhiú de thacaíocht shonrach, amhail deontais bheaga le haghaidh ateangaireacht agus iompar comharthaíochta, lenar féidir cur isteach doiciméad a éascú i gcás nach ndéantar sin ach go pearsanta. I mBallstáit eile, amhail an Rómáin<sup>(75)</sup>, d'fhéadfadh na hiarrthóirí sínithe tacaíochta a bhailiú freisin trí mhodhanna leictreonacha.

## 7.2. Inrochtaineacht na stáisiún vótála, na mbothanna vótála agus na mboscaí ballóide a mhéadú

Ghlac formhór na mBallstát ceanglais iomadúla chun a áirithiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas vótáil ag an stáisiún vótála. Leis na ceanglais cumhdaítear gnéithe éagsúla den phróiseas vótála agus idirghníomhaíochtaí le vótálaithe faoi mhíchumas san áitreabh vótála, in ábhair thoghcháin agus le foireann toghcháin<sup>(76)</sup>. Áirítear leis sin teacht go dtí an stáisiún vótála agus teacht isteach ann, sainaithe vótálaithe, rolla toghcháin a shíniú, de láimh nó go leictreonach, teacht isteach i mboth vótála, vótáil ar bhallóidí páipéarbhunaithe nó ar mheaisíní vótála, an bhallóid pháipéarbhunaithe a chur isteach i mbosca ballóide agus imeacht ón stáisiún vótála. Sholáthair Ballstáit éagsúla treoirínte agus seicliostaí mionsonraithe, rudaí a fhorbraítear i gcomhpháirt le heagraíochtaí míchumais go minic, lena gcumhdaítear critéir idir an inrochtaineacht trí iompar poiblí agus cé acu atá nó nach bhfuil beartais maidir le rampaí agus maidir leis an scuaine a shárú. Mar shampla, éascaíonn Málta vótáil ó dhaoine faoi mhíchumas trí thosaíocht a cheadú dóibh sa scuaine (ag tréimhse shonrach) ag a stáisiún vótála féin.

I mBallstáit áirithe, amhail an Ostair<sup>(77)</sup> agus an Ungáir, ní mór do gach bardas stáisiún vótála amháin, ar a laghad, atá saor ó bhacainní a sholáthar. I mBallstáit eile, tá sé éigeantach na stáisiúin vótála uile a dhéanamh inrochtana, mar is amhlaidh sa Fhrainc, an Ísiltír, an Spáinn agus an tSlóivéin. Tá Ballstáit eile, amhail

---

<sup>75</sup> I gcás toghcháin pharlaiminteacha.

<sup>76</sup> An Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ostair, an Pholainn, Phortaingéil, an Rómáin, an Spáinn, an tSlóivéin, an tSualainn agus an Ungáir.

<sup>77</sup> Faoi Acht Leasaithe 2023 maidir le Cearta Vótála (*Wahlrechtsänderungsgesetz 2023*), ó 2024 ar aghaidh, ní mór do na stáisiúin vótála uile na creatdálaí de mhír 6 '*Bundes-Behindertengleichstellungsgesetz*' a chomhlíonadh (an tAcht Cónaidhme maidir le Comhionannas Deiseanna le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas). Faoin bhforáil sin, ba cheart do na stáisiúin vótála uile a bheith inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas gan bacainní, faoi réir indéantacht theicniúil. In aon chás, i ngach foirgneamh ina bhfuil stáisiún vótála curtha ar bun, ní mór stáisiún vótála amháin, ar a laghad, ina bhfuil bothanna vótála a bheidh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, a chur ar fáil. Ó 2028 ar aghaidh, ní mór na stáisiúin vótála uile san Ostair (lena n-áirítear bothanna vótála) a bheith saor ó bhacainní, gan eisceacht.

an Ghréig, ag féachaint, faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas, le clár a chruthú d'fhoirgnimh inrochtana ar an leibhéal bardais (an rialtas áitiúil den chéad chéim), ar foirgnimh iad a úsáidfear mar stáisiúin vótála freisin. I mBallstáit eile, amhail Éire, cuirtear de cheangal ar oifigh thoghcháin na socruithe is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh stáisiúin vótála inrochtana, lena n-áirítear bord agus cathaoir iomchuí a sholáthar ag gach stáisiún vótála, a bheidh suite ar bhealach chun rúndacht vótála a áirithiú agus suíomh níos áisiúla a sholáthar le haghaidh vótálaithe ar úsáideoirí cathaoireacha rothaí iad, atá faoi mhíchumas fisiciúil, faoi lagamharc nó le haghaidh vótálaithe scothaosta.

I mBallstáit éagsúla, le spásanna páirceála taobh leis na stáisiúin vótála, ní mór ceanglais dhiana thaobh comharthaíochta agus dromchla de a chomhlíonadh, amhail an Bheilg, an Ísiltír agus Lucsamburg. Ní mór do stáisiúin vótála a bheith inrochtana trí iompar poiblí. Daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear úsáideoirí cathaoireacha rothaí, ní mór dóibh a bheith in ann teacht isteach i stáisiúin vótála, aistriú timpeall iontu agus imeacht uathu faoi ghnáthdhálaí oibríochta, más gá, trí shocruithe sealadacha nó buana a dhéanamh (mar is amhlaidh sa Bheilg, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ostair, an Rómáin, an tSlóivéin, agus an tSualainn). Áirítear leis sin úsáid tosaíochta foirgneamh aon stóir, bearnaí dorais atá uathoibríoch nó a oibrítear go héasca, rampaí ina bhfuil claonas íseal, lámhráillí leanúnacha, limistéir ainlithe chothroma os comhair na ndoirse, conairí atá sách leathan, rianta gan bhac, soilsiú leordhóthanach, cathaoireacha sa láthair feithimh, comharthaíocht oiriúnaithe, conairí treorach, comharthaí dathchódaithe agus modhanna oiriúnacha eile chun vótálaithe lagamhairc a threorú. Ballstáit eile, amhail an Danmhairg, an Fhrainc, an Ísiltír, Lucsamburg agus an Spáinn ceadaíonn siad freisin do dhaoine faoi mhíchumas teacht isteach lena madraí treorach agus lena madraí cuidithe.

Déanann Ballstáit áirithe, amhail an Bheilg, an Spáinn<sup>(78)</sup> agus an Rómáin<sup>(79)</sup>, sonraíochtaí teicniúla bothanna vótála a leagan amach leis an dlí. Ní mór bothanna vótála a dhearadh chun riachtanais daoine faoi mhíchumas a chomhlíonadh, go háirithe úsáideoirí cathaoireacha rothaí. I Lucsamburg, san Iodáil agus sa Fhrainc mar shampla, ceann de na cábáin atá le cur ar bun ag gach stáisiún vótála, ní mór é a dhearadh ar mhaithe le rochtain le haghaidh daoine faoi mhíchumas. Ciallaíonn sin nach mór íosmhéid áirithe a bheith sna cábáin, nach mór iad a chur i limistéar a fhágann go bhfuil spás leordhóthanach iontu le haghaidh casadh thart agus iad a sholáthar agus feistis shonracha iontu, amhail barraí tacaíochta cothrománacha, boird nó seilfeanna ar airde ar leith nó seilfeanna inchoigeartaithe agus spás leordhóthanach ann le haghaidh na gcos, agus soilsiú leordhóthanach iontu. Déanann Ballstáit áirithe, amhail an Ísiltír, formhéadaitheoirí léitheoireachta agus

---


<sup>78</sup> Faoi [Ordú INT/511/2022 an 3 Meitheamh](#), lena modhnaítear forálacha [Fhoraithe Ríoga 605/1999 an 16 Aibreán maidir le rialáil chomhlántach na bpróiseas toghchánach](#) ní mór bothanna vótála a bheith inrochtana go hiomlán.

<sup>79</sup> [Cinneadh Uimh. 44/2016 ón Údarás Toghchánach Buan maidir leis an tacar íosta na gcoinníollacha atá le comhlíonadh sna suíomhanna ina n-oibríonn stáisiúin vótála agus a dtrealamh íosta.](#)

soilsiú ag gabháil leo a chur ar fáil freisin. Ní mór uirlisí eile a úsáidtear chun vótáil, amhail pinn nó pionsailí, a bheith inrochtana go héasca ag daoine faoi mhíchumas.

Tá tábhacht freisin le hinrochtaineacht na mboscaí ballóide i gcás inar gá do na vótálaithe féin a mballóidí a chur isteach sa bhosca ballóide. Ní mór an bosca ballóide a bheith inaitheanta go héasca agus curtha i limistéar a fhágann go bhfuil rochtain gan bhac agus spás ainlithe leordhóthanach ann. Ní mór sliotán an bhosca ballóide agus rialuithe na meaisíní vótála leictreonaí a bheith curtha ar airde ar leith. Ní mór céim a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil in ann sliotán an bhosca ballóide a bhaint amach agus ceanglais sábháilteachta á gcomhlíonadh an tráth céanna freisin. Sa Fhrainc, mar shampla, leis an dlí ceanglaítear nach mór an bosca ballóide i ngach stáisiún vótála a bheith inrochtana ag úsáideoirí cathaoireacha rothaí freisin.

I mBallstáit áirithe (amhail an Eastóin), tá stáisiúin vótála feistithe le boird agus scáileáin lena gcuirtear é ar a gcumas do vótálaithe an páipéar ballóide a líonadh isteach le linn dóibh a bheith ina suí nó i gcathaoir rothaí. Soláthraítear lionsaí formhéadúcháin chun cúnamh a thabhairt do vótálaithe leis an bpáipéar ballóide a líonadh isteach agus an liosta iarrthóirí a léamh. Tá cianseirbhísí aistriúcháin teanga comharthaíochta ar fáil, lena gcuirtear é ar a gcumas do vótálaithe a úsáideann teanga chomharthaíochta cumarsáid a dhéanamh ar bhealach níos fusa le comhaltai den choiste ceantair vótála. Sa Fhrainc, chun a cheadú do dhaoine dala nó daoine faoi lagamharc síniú san áit cheart ar na rollaí toghchánacha nó ar na bileoga tinrimh, moltar áis síniúcháin ar dhath codarsnach a úsáid (fuinneog ar rialtóir beag plaistithe).



Teimpléad Páipéir Ballóide a úsáidtear san Ostair.

### 7.3 Inrochtaineacht ballóidí páipéir a mhéadú

San Ostair, an Danmhairg<sup>(80)</sup>, an Ungáir, Lucsamburg<sup>(81)</sup>, an Ghearmáin, an tSlóivéin, Éire, an Phortaingéil agus an Spáinn, ní mór teimpléid speisialta a

<sup>80</sup> I reifrinn amháin, inarb amhlaidh nach féidir ach vótáil 'Tá' nó 'Níl'.

<sup>81</sup> I gcomhar leis an Centre pour le développement des compétences relatives à la vue (CDV), soláthroidh an rialtas samhail vótála thadhhlach do vótálaithe faoi mhíchumas amhairc lá na vótála. Beidh an tsamhail vótála thadhhlach sin le fáil i ngach stáisiún vótála agus is féidir leis an vótálaí í a

sholáthar do stáisiúin vótála le haghaidh ballóidí páipéarbhunaithe, lena n-áirítear in Braille. San Ísiltír agus i Málta, bíonn tacaíocht fuaimne nó ábhar míniúcháin ar pháipéar ag gabháil leis na teimpléid sin freisin, mar is amhlaidh sa Phortaingéil agus sa Spáinn, lena mínítear conas an stiúiséal a úsáid, conas atá an pháipéar ballóide struchtúrtha, cé na hiarrthóirí agus na páirtithe atá ag seasamh sa toghchán agus cén poll sa stiúiséal ba cheart a úsáid le haghaidh gach iarrthóra.

In Éirinn, tacaítear le húsáid an teimpléid Braille le líne theileafóin ar féidir le vótálaithe glao uirthi chun leagan amach an pháipéir ballóide agus ord na n-iarrthóirí a chloisteáil. San Ostair, tar éis athruithe reachtacha a rinneadh le déanaí, cuireadh feabhas ar an bpáipéar ballóide trí bheibheal a chur isteach ar thaobh amháin le haghaidh daoine faoi lagamharc agus beartaíonn sí freisin teimpléad cárta vótála a thabhairt isteach. Soláthraíonn an tSeicia cóid QR ar na treoracha vótála a chuirtear i gceangal le ballóidí a chuirtear sa phost, agus físeán i dteanga chomharthaíochta ag teacht as na cóid QR. Cuirtear uirlisí cúnata, amhail formhéadaitheoirí léitheoireachta ar fáil do vótálaithe faoi mhíchumas i mBallstáit éagsúla, amhail an Bheilg agus an Ísiltír.

Sa Danmhairg, vótálaithe a bhfuil gá acu le cúnaimh chun a vóta a chaitheamh as a stuaim féin féadfaidh siad áiseanna teicniúla a úsáid amhail peann dubh níos tibhe lena gcuidítear leis an vótálaí a fheiceáil cén áit ar cheart an pháipéar ballóide a mharcáil, lionsa formhéadúcháin lena méadaítear an pháipéar ballóide agus a fhágann gur fusa é a léamh, agus lampa LED le haghaidh solas níos fearr, rud atá ina chuidiú le haghaidh aon duine a bhfuil a amharc laghdaithe. Is féidir leis an vótálaí gile, dath agus aschur solais an lampa a rialú. Tá na huirlisí sin comhlánaithe le CCTV (teilifís ciorcaid iata), ar cineál speisialta lionsa formhéadúcháin é sin, lena bhformhéadaítear an pháipéar ballóide ar scáileán agus inar féidir leis an vótálaí an formhéadú agus an chodarsnacht a choigeartú. Thairis sin, ní mór bord inchoigeartaithe a bheith ann, lena gcuirtear é ar a gcumas do vótálaithe i gcathaoir rothaí an pháipéar ballóide a líonadh isteach.



Fillteáin páipéir ballóide a úsáidtear sa Liotuáin.

Cuireann an Liotuáin fillteáin pháipéir ar fáil atá marcáilte in Braille, ina bhféadfaidh vótálaithe na gnáthbhallóidí páipéarbhunaithe a chur. I Málta, tá gach stáisiún vótála feistithe le gaireas athsheanma fuaimne lena léitear an t-ábhar ballóide. San Ísiltír,

---

ordú go díreach freisin ó CDV lena cur ar fáil don vótálaí i gcás inar roghnaigh sé vótáil tríd an bpost.

saoránaigh a vótálann ón gcoigríoch úsáideann siad ballóid laghdaithe. Is féidir leo a roghnú más mian leo an bhallóid vótála a fháil tríd an bpost nó mar ríomhphost. Seoltar doiciméid ina bhfuil na páirtithe agus na hiarrthóirí i dteannta na ballóide vótála. Déantar liostaí formáide móire d'iarrthóirí a chrochadh ag na stáisiúin vótála uile.

San Ísiltír, is féidir le vótálaithe faoi mhíchumas cognaíoch míniú a fháil (lasmuigh den bhoth vótála) ar conas a oibríonn an páipéar ballóide. Eagraíonn roinnt mhaith bardas agus eagraíochtaí sochaí sibhialta cúrsaí oiliúna vótála roimh na toghcháin. Ina theannta sin, is féidir le vótálaithe faoi mhíchumas cognaíoch féachaint ar mhínithe ar shuíomh gréasáin.<sup>(82))</sup>

San Ísiltír, tá ballóid vótála nua á dearadh. Leis an mballóid vótála sin is fearr a chomhlíonfar freisin riachtanais daoine faoi mhíchumas. Tá an cló níos mó agus is fusa é a léamh. Cuirtear lógónna páirtithe polaitiúla isteach, chun go mbeidh páirtithe níos sofheicthe agus in-aimsithe. Le haghaidh an pháipéir ballóide nua, tá teimpléad uilíoch á fhorbairt freisin le haghaidh daoine faoi lagamharc. Is é an aidhm atá ann go mbeidh teimpléad amháin ar a laghad ag an mbardas, agus fuaimbhosca mar thaca leis. Bhreathnaigh an Rómáin freisin ar conas ballóidí páipéarbhunaithe a shimpliú trína laghdú gur bileog shingil pháipéir a bheidh ann, lena bhféadfaí feabhas a chur ar inrochtaineacht fhoriomlán, lena n-áirítear le haghaidh vótálaithe faoi lagamharc.<sup>(83))</sup>

#### 7.4. Inrochtaineacht meaisíní vótála a mhéadú

Le haghaidh na dtoghchán áitiúil in 2018 agus na dtoghchán feidearálach in 2019, d'fhorbair an Bheilg treoirthionscadal chun ríomhairí vótála leictreonaí a chomhlánú le modúl fuaime chun é a chur ar a gcumas do dhaoine faoi lagamharc vótáil go neamhspleách. Forbraíodh an treoirthionscadal sin i ndlúthchomhar le heagraíochtaí agus comhlachais míchumais lena ndéantar ionadaíocht ar son daoine lagamhairc. Ar chúiseanna lóistíochta níorbh fhéidir an tionscadal sin a imscaradh ar mhórscaála.

Sa Bhulgáir, tháinig meaisíní vótála chun bheith éigeantach i stáisiúin vótála sa tír agus ar an gcoigríoch ina bhfuil 300 vótálaí ar a laghad. Is é scáileán tadhaill atá sa chomhéadan. Tar éis do vótálaí vóta a chaitheamh, leis an ngaireas cuirtear píosa páipéir i gcló mar chruthúnas atá le fíorú ag an vótálaí. Leis sin cumasaítear comhaireamh vótaí láimhe a reáchtáil freisin i gcás ina gcailltear na vótaí a stóráiltear go leictreonach. Le cód toghcháin na Bulgáire éilítear go ndéantar meaisíní vótála a dhearadh, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun ar bhealach lena n-áiritheofar, i measc nithe eile, rochtain éasca agus intuigthe ar shásraí agus

---

<sup>82</sup> [Conas a oibríonn vótáil?](#)

<sup>83</sup> [Comparative study regarding methods, procedures and technical instruments used by other states to ensure the accessibility of electoral processes for individuals with disabilities \[Staidéar comparáideach maidir le modhanna, nósanna imeachta agus ionstraimí teicniúla arna n-úsáid ag stáit eile chun inrochtaineacht na bpróiseas toghchánach a áirithiú le haghaidh daoine aonair faoi mhíchumas\], arna tharraingt suas ag an Údarás Toghchánach Buan.](#)

modhanna na vótála meaisín, lena n-áirítear rochtain shimplithe le haghaidh vótálaithe faoi lagamharc nó a bhfuil lagú luaile orthu.

Ó tháinig an tAcht Leasaitheach ZVDZ-C i bhfeidhm an 20 Bealtaine 2017, níl meaisíní vótála le haghaidh vótálaithe faoi mhíchumas in úsáid i dtoghcháin ná i reifrinn sa tSlóivéin a thuilleadh.<sup>(84)</sup> Leasaíodh an reachtaíocht chun a áirithiú go mbeidh na stáisiúin vótála uile inrochtana go hiomlán ag daoine faoi mhíchumas. Ina theannta sin, lean an comhlacht reachtach samplaí ó thíortha eile<sup>(85)</sup> agus cuireadh é ar a gcumas do dhaoine faoi mhíchumas vótáil tríd an bpost sa bhreis ar an vótáil ag stáisiúin vótála.

#### 7.5. Modhanna vótála comhlántacha

Ceadaíonn Ballstáit éagsúla do vótálaithe nach bhfuil in ann a bheith i láthair ag stáisiún vótála lá an toghcháin chun vótáil roimh ré, óna dteach, ó ospidéal (mar is amhlaidh sa Danmhairg, Málta agus an Phortaingéil) nó ó stáisiún vótála a osclaítear roimh lá an toghcháin (mar is amhlaidh san Ostair, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Fhionlainn, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an tSualainn).

Daoine faoi mhíchumas tá an rogha acu vótáil ag stáisiún vótála inrochtana i mBallstáit éagsúla, amhail an Bheilg, an Danmhairg, Éire, an Ghearmáin, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Ostair, an Rómáin agus an Ungáir<sup>(86)</sup>. San Ísiltír, ní shanntar vótálaithe do stáisiún vótála. Lena bpas vótála is féidir leo vótáil ag aon stáisiún vótála ina mbardas. Eagraítear stáisiúin vótála speisialta in ospidéil agus/nó i bhforais chúraim eile sna Ballstáit, amhail an Chróit, an Eastóin, Éire, an Ísiltír agus Málta.

Vótáil taobhchósáin, arb é atá i gceist leis sin vótáil ó lasmuigh den stáisiún vótála, ar urlár na talún nó ón mbealach isteach go dtí an stáisiún vótála, tá sí le fáil i mBallstáit áirithe (amhail an Chróit, an Danmhairg, an tSeicia, an tSlóivéin agus an tSualainn).

Vótáil mhóibíleach, a chiallaíonn go ndéanann oifigeach den riarachán atá i gceannas ar an toghchán a eagrú boscaí ballóide a thabhairt go dtí suíomh an vótálaí (teach, ospidéal nó aon suíomh eile), modh atá inti a úsáidtear i mBallstáit éagsúla (amhail an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, Éire, an Eastóin, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSualainn agus an Ungáir). Déanann Ballstáit áirithe, lena n-áirítear an Fhionlainn, Lucsamburg<sup>(87)</sup>, an Iodáil (bardais áirithe), an Phortaingéil agus an Pholainn, iompar

---

<sup>84</sup> Leis an reachtaíocht cuireadh san áireamh a mhéid a úsáidtear meaisíní vótála i ngach toghchán, an costas a chuirtear ar an mbuiséad i leith meaisíní vótála a úsáid, agus rialacháin i mBallstáit eile den Aontas.

<sup>85</sup> Vótáil tríd an bpost mar a fhorordaítear le reachtaíocht na hOstaire.

<sup>86</sup> Toghcháin uachtaráin.

<sup>87</sup> Úsáideoirí na seirbhíse iompair speisialta Adapto ag a bhfuil cárta Adapto is féidir leo taisteal go dtí an stáisiún vótála agus úsáid á baint as an tseirbhís Adapto. Turais go dtí an stáisiún vótála agus

a sholáthar do vótálaithe fiú, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, saor in aisce go dtí na stáisiúin vótála faoi choinníollacha sonracha. Soláthraíonn an Bheilg tacaíocht freisin le haghaidh an iompair go dtí stáisiúin vótála.

Féadfaidh daoine faoi mhíchumas cúnadh a fháil le linn an phróisis vótála i ngach Ballstát. Tá difríochtaí áirithe ann maidir leis an duine a fhéadfaidh cúnadh a thabhairt don vótálaí agus leis na coinníollacha nach mór don vótálaí a chomhlíonadh. I bhformhór na mBallstát, amhail an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ostair, an Spáinn, an tSlóivéin, an tSualainn agus an Ungáir féadfaidh aon duine a bhfuil iontaoibh ag vótálaithe faoi mhíchumas ann, cúnadh a thabhairt dóibh, gan srianta.

Tá vótáil tríd an bpost, laistigh den tír nó ón gcoigríoch, le fáil in 20 Ballstát. Athraíonn cleachtais vótála poist intíre ar fud an Aontais. Ní cheadaíonn ach Ballstáit áirithe, amhail an Ghearmáin agus an Spáinn do na vótálaithe uile vótáil tríd an bpost. I mBallstáit, amhail Éire, an Ísiltír, an Liotuáin, an Ostair agus an tSlóivéin tá an modh sin teoranta do ghrúpaí sonracha, amhail vótálaithe faoi mhíchumas nó vótálaithe ar an gcoigríoch.

Tá vótáil ar líne le fáil san Eastóin, inar féidir le vótálaithe a roghnú cé acu a rachaidh nó nach rachaidh siad go dtí stáisiún vótála lá an toghcháin nó cé acu a chaithfidh nó nach gcaithfidh siad a vóta ar shuíomh gréasáin le linn thréimhse an toghcháin. Le hAcht Toghcháin na hEastóine, ceanglaítear nach mór tacaíocht a sholáthar leis an bhfeidhmchlár vótála do dhaoine lagamhairc. Comhlíontar an ceanglas sin sa chleachtas trí é a chur ar a chumas don ghrúpa sin a cheart chun vótáil a fheidmiú gan cúnadh.

Sa Fhrainc, úsáidtear vótáil ar líne chun ionadaithe ar son shaoránaigh na Fraince a chónaíonn ar an gcoigríoch a thoghadh le linn toghcháin reachtacha agus toghcháin chonsalach. Chun vótáil ar líne, ní mór do vótálaithe na Fraince a bheith ina gcónaí go hoifigiúil ar an gcoigríoch agus a bheith cláraithe ar liosta toghchánach consalach. Ní mór dóibh freisin a bheith ar an liosta agus seoladh ríomhphost agus uimhir theileafóin bhailí acu chun a n-ainm úsáideora agus a bpassfhocal a fháil (le ríomhphost agus mar SMS faoi seach). Ní cheanglaítear aon fhoirmiúlacht eile.<sup>(88)</sup> Le haghaidh toghcháin uachtaráin 2022, bhí vótálaithe de chuid na Fraince ar an gcoigríoch in ann vótáil ar líne ar feadh 5 lá leantacha. Le suíomh gréasáin Aireacht na hEorpa agus na nGnóthaí Eachtracha postáladh sraith ceisteanna agus freagraí a bhaineann go sonracha le vótáil ar líne.

In 2023, d'úsáid an Ghearmáin vótáil ar líne le haghaidh a toghchán maidir lena beartas sóisialta, vótáil chun an chomhairle a dhéanann formhaoirseacht ar chistí

---

uaidh ní laghdófar iad ón gcuóta de thurais Adapto bhliantúla a dtairbhíonn siad dóibh. Chun seirbhís den sórt sin a iarraidh, is féidir le húsáideoirí glao ar an tseirbhís mobiliteit.lu ar 2465-2465, nó áirithint a dhéanamh agus úsáid á baint as an bhfeidhmchlár móibileach adapto.lu ach 'Elections/Wahlen' a roghnú.

<sup>88</sup> [Présentation du vote par internet. Ministère de l'Europe et des Affaires étrangères.](#)



árachais sláinte agus pinsin náisiúnta a roghnú. Bhí an rogha ag thart ar 22.3 milliún duine vótáil ar líne nó le ballóidí poist traidisiúnta ar feadh tréimhse vótála 51 lá.<sup>(89)</sup>

Úsáidtear an tseachvótáil sa Bheilg, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Pholainn. Sa Bheilg agus sa Pholainn, tá seachvótáil ar fáil do vótálaithe nach bhfuil in ann stáisiún vótála a bhaint amach de dheasca tinnis nó míchumas áirithe, drochshláinte nó seanaoise, cásanna lena bhféadfaí daoine faoi mhíchumas a chuimsiú. Tá na vótálaithe uile in ann vótáil trí sheachvótálaí sa Fhrainc agus san Ísiltír. Féadfaidh vótálaithe de chuid na Sualainne vótáil trí chúiréir, cé go n-iompaíonn duine eile an vóta arna ullmhú ag an vótálaí go dtí an stáisiún vótála.

## 7.6. Rochtain ar réiteach díospóidí toghcháin

Rinne Ballstáit éagsúla socruithe sonracha chun go bhfaighidh daoine faoi mhíchumas rochtain ar an gcóras ceartais, amhail faisnéis a sholáthar i bhformáidí inrochtana, nó formáidí sonracha a chur ar fáil, lena n-áirítear modhanna digiteacha chun gearáin a chur isteach.<sup>(90)</sup> Is é atá i gceist freisin le hinrochtaineacht na réiteach díospóidí toghcháin a áirithiú go mbeidh sásraí chun gearáin a chur isteach inrochtana agus go mbeidh na hionaid le haghaidh éisteachtaí nó réiteach inrochtana freisin.

Mar chuid dá straitéis náisiúnta maidir le cearta daoine faoi mhíchumas, gheall an Rómáin teimpléid a fhoilsiú i bhformáidí inrochtana le haghaidh iarrataí agus gearáin a bhaineann le cearta toghchánacha. Chuir an Liotuáin córas faisnéise inrochtana chun feidhme chun díospóidí toghcháin a bhainistiú, rud a fhéadfaidh vótálaithe a úsáid chun gearáin a chur isteach. Sa Spáinn, féadfaidh vótálaithe gearáin a chur isteach maidir le háiteanna vótála ina mainnítear na ceanglais inrochtaineachta dhlíthiúla a chomhlíonadh. In Éirinn, déileálann cinn chomhairimh le haon saincheist a eascraíonn timpeall inrochtaineacht ionaid, agus is iad atá freagrach as imeachtaí toghchánacha a sheoladh i ngach toghcheantar.

## 7.7. Sonraí maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin a bhailiú

Is den tábhacht staitisticí a bhailiú maidir le rannpháirtíocht saoránach faoi mhíchumas i dtoghcháin chun seiceáil a dhéanamh ar a mhéid is féidir leo a gcearta toghchánacha a fheidhmiú go héifeachtach. Is féidir leis an méid sin cuidiú le meastóireacht a dhéanamh ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus d'fhéadfadh réitigh níos éifeachtúla teacht as sin. Ar an gcuma céanna, is úsáideach sonraí imdhealaithe maidir le míchumas a chur san áireamh i bhfeachtais múscailte feasachta de chuid an Aontais agus de chineál náisiúnta maidir le toghcháin, rud lena méadaítear a bhfor-rochtain agus a n-éifeachtúlacht.

Leis na próisis chláirúcháin a úsáidtear i dtoghcháin, lena n-áirítear clárú vótálaithe, clárú iarrthóirí, deonú rochtana ar nósanna imeachta vótála speisialta nó taifeadadh

---

<sup>89</sup> [Online Voting Powers Social Elections in Germany \[Cumhacht maidir le Vótáil ar Líne do Thoghcháin Shóisialta sa Ghearmáin\]](#).

<sup>90</sup> [Scórchlár Ceartais AE 2022](#).

láithreacht na vótálaithe ag an stáisiún vótála, is féidir leo a bheith ina ndeis d'údaráis chun faisnéis a bhailiú maidir leis na toghcheantair ina gcónaíonn vótálaithe faoi mhíchumas, an líon vótálaithe faoi mhíchumas atá i dtoghcheantair éagsúla agus an cineál cóiríochta a bhfuil gá acu leis chun páirt a ghlacadh ar bhonn comhionann le vótálaithe eile.

Trí shonraí staidrimh a bhailiú agus iad imdhealaithe de réir an chineáil míchumais nó suirbhéanna a dhéanamh maidir le tosca éagsúla a bhaineann le daoine faoi mhíchumas agus inrochtaineacht ag na toghcháin is féidir cuidiú le húdaráis toghcháin a n-acmhainní a dháileadh ar bhealach níos éifeachtúla. Trí acmhainní agus sonraí ó na húdaráis ábhartha uile a chomhthiomsú, lena n-áirítear trí fhaisnéis staidrimh a chomhcheangal le sonraí riaracháin maidir le míchumas agus cuimsiú, tugtar íomhá níos cruinne ar an tacaíocht lena bhfuil gá ag daoine faoi mhíchumas chun a gcearta toghchánacha a fheidhmiú go héifeachtach.


Maidir le haon phróiseáil sonraí pearsanta, ní mór í a dhéanamh i gcomhréir iomlán leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Is é atá i gceist le sonraí sláinte, amhail sonraí pearsanta maidir le míchumas duine, catagóir speisialta de sonraí pearsanta ag a bhfuil cosaint speisialta faoin Rialachán sin.

Mar shampla, déanann an Rómáin sonraí a chomhiomlánú maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin tríd an líon daoine ag a bhfuil deimhniú míchumais a chur i gcomparáid leis an líon vótálaithe. Tá an méid sin bunaithe ar chomhaontú foirmiúil idir an tÚdarás Toghchánach Buan agus an tÚdarás Náisiúnta le haghaidh Cearta Daoine faoi Mhíchumas, agus áirithítear leis go gcomhlíontar na ceanglais cosanta sonraí.

Bailíonn an tSualainn sonraí staidrimh maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin (mar a léirítear san fhíor thíos).

An líon daoine a vótáil sa toghchán chuig parlaimint 2018 de réir an chineáil míchumais.

Diagram 7.3. Valdeltagande i riksdagsvalet 2018 efter typ av funktionsnedsättning. Procent



Bailíonn Ballstáit éagsúla, amhail an Ungáir agus an Spáinn, sonraí maidir le vótálaithe a iarrann rochtain ar shocruithe vótála speisialta. Ó bhí 2016 ann. Tá clár leictreonach á oibriú ag an Liotuáin de dhaoine atá i dteideal vótáil sa bhaile, lena n-áirítear vótálaithe faoi mhíchumas agus atá os cionn 70 bliain d’aois. I Lucsamburg, tá bailiú na sonraí sin ábhartha go háirithe ós rud é go bhfuil sé éigeantach do na vótálaithe cláraithe uile faoi 75 bliana d’aois páirt a ghlacadh i dtoghcháin. Reáchtálann Lucsamburg suirbhéanna freisin chun sonraí a bhailiú maidir le tosca éagsúla a bhaineann le daoine faoi mhíchumas agus inrochtaineacht na dtoghchán.

### 7.8. Faireachán agus measúnú a dhéanamh ar inrochtaineacht na dtoghchán

Is iondúil go gcaitear an tréimhse tar éis toghcháin ag breathnú ar an bhfeidhmíocht maidir le toghcháin rianúla inchreidte a sholáthar agus i mbun meastóireachta ar conas a cuireadh na rialacha chun feidhme agus a úsáideadh na hacmhainní. Cuireann Ballstáit éagsúla (an Liotuáin, an Rómáin agus an tSualainn) de cheangal ar údaráis toghcháin go háirithe measúnú a dhéanamh ar conas a seoladh an próiseas toghcháin. Tá sainchúram reachtach ag coimisiún toghcháin nua na hÉireann chun athbhreithnithe a dhéanamh tar éis an imeachta thoghcháinaigh. Leis na hathbhreithnithe sin déanfar scrúdú ar thacaíocht na gceann comhairimh agus na n-oifigeach ceannais (a dhéanann maoirseacht ar stáisiúin vótála ag toghchán) leis an vótáil ó vótálaithe dallas, éagumasaithe agus neamhliteartha a éascú ag stáisiúin

vótála. Ullmhaíonn an Spáinn ceistneoirí chun meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na dtoghchán le ceanglais inrochtaineachta agus tuarascálacha inrochtaineachta tar éis gach próiseas toghchánach. Ceapann an Spáinn bainisteoirí inrochtaineachta le haghaidh na dtoghchán ag gach toscaireacht (19) agus fothoscaireacht (52) rialtais, ar bainisteoirí iad atá freagrach as inrochtaineacht i ngach próiseas toghchánach, a ghníomhaíonn mar chomhchainteoirí na hAireachta Gnóthaí Baile agus a dhéanann bearta leantacha tapa ar na teagmhais uile a bhaineann le hinrochtaineacht na dtoghchán. Déanann an Ísiltír measúnuithe agus suirbhéanna comhchosúla tar éis an toghcháin. San Ísiltír, is féidir le vótálaithe úsáid a bhaint as an mbeolíne ‘Vótáil Neamhtheoranta’ (*Meldpunt Onbeperkt Stemmen*) chun eispéiris dhearfacha nó dhiúltacha a thuairisciú agus moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na dtoghchán.

Sa Fhrainc, déantar faireachán ar inrochtaineacht na dtoghchán le linn an toghcháin agus déantar measúnú uirthi tar éis an toghcháin. An faireachán le linn an toghcháin déanann comhlacht neamhspleách é, an Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta. Foilsítear a measúnuithe ar líne<sup>(91)</sup>. Tar éis an toghcháin, an Aireacht Gnóthaí Baile, atá i gceannas ar thoghcháin a eagrú, agus an Coiste náisiúnta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas, déanann siad measúnú i dteannta eagraíochtaí sochaí sibhialta agus páirtithe polaitiúla ar an méid a d’oibrigh agus toghcháin á n-eagrú agus an méid a bhféadfaí feabhas a chur air roimh an gcéad toghchán eile.

Eisíonn an Coimisiún tuarascáil freisin tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, lena gcumhdaítear na saincheisteanna a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas.

## 8. Breithnithe deiridh

Comhionannas agus neamh-idirdhealú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas is bunluachanna den Aontas iad agus cearta bunúsacha atá iontu dá bhforáiltear faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais. I mí an Mhárta 2021, chun Aontas an Chomhionannais a chothú, chuir an Coimisiún Straitéis uaillmhianach nua maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 i láthair. Tá sé d’aidhm ag an Straitéis feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear a áirithiú gur féidir leo páirt a ghlacadh i dtoghcháin ar bhonn comhionann.

Cé gur mhinice atá na Ballstáit ag aithint na tábhachta a bhaineann le rochtain chomhionann ar thoghcháin a áirithiú le haghaidh saoránaigh faoi mhíchumas agus cé gur minice a thugann siad aghaidh ar an tábhacht sin freisin, ghlac an tAontas píosaí éagsúla reachtaíochta agus caighdeáin inrochtaineachta freisin a fhéadfaidh a bheith úsáideach mar thagairtí agus gnéithe inrochtaineachta a chur isteach ina gcuid de chéimeanna éagsúla de phróisis thoghchánacha.

An treoir seo um dhea-chleachtais thoghchánacha ullmhaíodh í chun tacú le malartuithe dea-chleachtas agus saineolais ó na Ballstáit agus ar bhealach níos

---

<sup>91</sup> [Observatoire de l’accessibilité des campagnes électorales et des scrutins de 2022.](#)

ginearálta chun tacú lena n-iarrachtaí chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh faoi mhíchumas a gcearta toghchánacha a fheidhmiú go héifeachtach.

Ar na príomhbhearta arna ndéanamh ag na Ballstáit áirítear<sup>(92)</sup>:

- Modhanna le haghaidh nósanna imeachta vótála luaithe agus vótála malartaí, lena n-áirítear réamhvótáil go pearsanta, vótáil phoist, vótáil ar líne, vótáil mhóibíleach, vótáil taobhchosáin, stáisiúin vótála a athrú nó a roghnú, vótáil chuidithe le duine a roghnaíonn an vótálaí faoi shaoirse;
- Socruithe vótála sonracha a dhéanamh chun a áirithiú nach amhlaidh a chailleann daoine a chónaíonn i bhforais chónaithe nó chúraim fhadtéarmaigh, ospidéal ná daoine nach féidir leo a dtithe a fhágáil a gceart chun vótáil, agus béim ar leith ar fhorais chónaithe dhúnta;
- Réimse leathan uirlisí cúnta a chur ar fáil amhail Braille, cóid QR, cló mór, treoracha fuaime agus soléite, imchlúdaigh Braille, stionsail thadhhlacha, lionsaí formhéadúcháin, soilsiú breise, uirlisí scríbhneoireachta agus stampaí;
- Caighdeáin um sholáthar tacaíochta daonna, trí ateangaireacht teileafóin nó chomharthaíochta, agus soláthar an iompair inrochtana go dtí an stáisiún vótála;
- Nósanna imeachta simplithe chun cóiríocht a iarraidh.

D'fhéadfaí níos mó tacaíochta a sholáthar le haghaidh cleachtais lena ndírítear ar a áirithiú go mbeidh neamhspleáchas agus rúndacht ag daoine faoi mhíchumas nuair a vótálann siad, mar shampla trí theimpléad Braille a úsáid ar féidir é a chur thar an bpáipéar ballóide chun an vóta a chaitheamh. Leis sin d'fhéadfaí cleachtais a chomhlánú lena gcuirtear é ar a gcumas do vótálaithe cúnaimh a fháil ó dhaoine eile le linn dóibh a vóta a chaitheamh.

Féadfaidh údarais náisiúnta cuimhneamh ar riachtanais shonracha saoránach a chur san áireamh a thuilleadh freisin, ar saoránaigh iad ar a bhfuil riochtaí meabhairshláinte a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá n-eispéireas vótála lena n-áirítear dúlagar agus imní, cé acu go fadtéarmach nó go sealadach<sup>(93)</sup>.

Is mó a bhíonn i gceist leis an inrochtaineacht ná bearta praiticiúla amháin. Leis an inrochtaineacht áirítear an timpeallacht shóisialta ina dteagmhaíonn daoine leis an bpróiseas toghchánach. Is gá tuilleadh taighde a dhéanamh ar an bhfeiniméan sin. D'fhéadfaí cuimhneamh ar obair agus bearta beartais breise freisin faoi conas is féidir le foireann stáisiúin vótála tacú le saoránaigh faoi mhíchumas (seachas cúnaimh a thabhairt dóibh nuair a iarrtar sin orthu), agus conas is féidir leo timpeallacht chuimsitheach a chruthú. Ar na samplaí áirítear treoraíocht teanga (mar a chuirtear i dtábhacht i dtreoraíocht na Fraince le haghaidh na meán cumarsáide) agus cumarsáid á déanamh le saoránaigh faoi mhíchumas mar vótálaithe nó iarrthóirí, gníomhaíochtaí chun timpeallacht shóisialta a chruthú chun tacú le

---

<sup>92</sup> Tá formhór na mbeart tairbhiúil ó thaobh rochtain na ngrúpaí uile de, seanóirí san áireamh, ar thoghcháin.

<sup>93</sup> Féach, mar shampla, an tAcht um Athchóiriú Toghchán is déanaí de chuid na hÉireann (2022).

rannpháirtíocht pholaitiúil, go háirithe le haghaidh iarrthóirí polaitiúla<sup>(94)</sup>, agus cruthú líonraí, scéimeanna meantóireachta agus asraonta lena gcuirtear saoránaigh faoi mhíchumas ar an eolas maidir leis na deiseanna sin agus lena dtacaítear lena rannpháirtíocht thoghchánach.

Tá tábhacht freisin le teanga shoiléir agus ábhair chumarsáide inrochtana chun mífhaisnéis agus bréagaisnéis a chomhrac, ós rud é go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas go háirithe a bheith i mbaol. Is é a tháinig as paidéim COVID-19 athruithe i nósanna imeachta vótála, amhail méadú a dhéanamh ar úsáid na roghanna vótála poist nó na cianvótála, rud a d'fhéadfadh a bheith ina údar le forbairt na gcleachtas lena dtacaítear le hinrochtaineacht thoghchánach le haghaidh daoine faoi mhíchumas.

Feachtais múscailte feasachta agus gníomhaíochtaí íogréacháin eile maidir le cearta toghchánacha daoine faoi mhíchumas, d'fhéadfaí iad a fhorbairt a thuilleadh chun tacú le feasacht ghinearálta i measc oifigigh toghchánacha, breathnóirí toghcháin, páirtithe polaitiúla agus an phobail i gcoitinne. Tá leibhéal feasachta ann i ndoiciméid oifigiúla, ós rud é go léiríonn samplaí iomadúla treoraíocht maidir le húsáid teanga agus catagóirí sonracha, lena n-áirítear treoraíocht le haghaidh eagraithe toghcháin, agus is cosúil gur fearr sin. Áirítear leis sin faisnéis a sholáthar maidir leis an gcineál míchumais a thagann faoin gcatagóir 'saoránaigh faoi mhíchumas' agus an fhaisnéis sin a fhorbairt i gcomhar le heagraíochtaí lena ndéantar ionadaíocht ar son daoine faoi mhíchumas (mar a dhéantar sa Bheilg, an Fhionlainn agus an Laitvia).

Le cúrsaí oiliúna éifeachtacha cumhdaítear gnéithe amhail forbhreathnú a thabhairt ar chearta toghchánacha daoine faoi mhíchumas, cleachtais agus ionaid vótála inrochtana, cóiríocht réasúnach a bheith ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, conas tacú le vótálaithe faoi mhíchumas agus pleananna teagmhais má thagann saincheisteanna chun cinn. Ina theannta sin, le hoiliúint d'fhéadfaí diagnóisic féinmheasúnaithe, tástáil agus deimhniúchán a áireamh, chun caochspotaí nó easpa tuisceana ar an bhfaisnéis a shainaithint. Tá sampla maith de sin le fáil ón Danmhairg, ina ndéanann oifigigh toghcháin (agus daoine eile) tráth na gceist chun a n-eolas ar an bhfaisnéis a sheiceáil.

Aon uair is féidir, le bearta atá á gcur chun feidhme d'fhéadfaí a áirithiú go mbeidh eispéireas toghchánach ag saoránaigh faoi mhíchumas atá chomh hinchomparáide is féidir le heispéireas saoránach eile. D'fhéadfadh níos mó a bheith i gceist leis sin ná díreach rochtain a chumasú i bhfoirm éigin, agus sin amháin. Ar na samplaí áirítear clárú toghchánach uathoibríoch a bheith ann (mar is amhlaidh i bhformhór na mBallstát) ionas nach gcuirtear de cheangal ar dhaoine 'roghnú a bheith páirteach' nó nósanna imeachta clárúcháin simplithe, mar atá i gceist in Éirinn; níos mó bearta inrochtaineachta a sholáthar i stáisiúin vótála seachas foirmeacha malartacha vótála (amhail vótáil phoist) nach dtugann an oiread de bhraistint na rannpháirtíochta sa saol poiblí. Féadfar a áireamh leis sin freisin atmaisféar stáisiúin vótála a athchruthú laistigh de shuíomhanna eile, amhail é a chur ar a gcumas do shaoránaigh faoi

---

<sup>94</sup> Féach an togra ón Rómáin le haghaidh leasuithe reachtacha chun tacaíocht airgeadais a sholáthar.

mhíchumas a chónaíonn faoi chúram cuidithe vótáil lá socraithe ina dtimpeallacht féin (mar shampla na 'stáisiúin vótála dhúnta' sa Pholainn).

Leis na tacair sonraí atá ann faoi láthair ní chumhdaítear go sonrath na saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag saoránaigh faoi mhíchumas agus a gcearta toghchánacha á bhfeidhmiú acu. Ach níos mó faisnéis staidrimh a bhailiú maidir le saoránaigh faoi mhíchumas (mar is amhlaidh sa tSualainn agus sa Rómáin) thabharfaí tuiscint níos fearr do na húdaráis maidir le conas a d'fhéadfadh eispéiris thoghchánacha athrú bunaithe ar fhoirmeacha míchumais agus conas a d'fhéadfaí an fhaisnéis sin a úsáid chun tionscadail taighde a chomhdhearadh lena ndéantar bailiú sonraí a shaincheapadh dóibh. Ar na samplaí maithe áirítear uirlisí/teicneolaíochtaí vótála nua a phíolótú agus úsáid á baint as saoránaigh ag a bhfuil riachtanais inrochtaineachta éagsúla, chun iarmhairtí neamhbheartaithe nó riachtanais neamhchomhlíonta fhéideartha a fhiosrú; ionstraimí cainníochtúla a dhearadh lena gcumasaítear torthaí a chomhiomlánú agus a anailísiú ar bhonn cineálacha éagsúla míchumais, agus torthaí taighde cháilíochtúil á n-úsáid lena dtugtar léargais dhoimhne ar thaithí saoil an duine chun tuiscint níos fearr a fháil ar conas ba mhian leo páirt a ghlacadh sa saol poiblí agus polaitiúil. Maidir le haon phróiseáil sonraí pearsanta chun críoch staidrimh, ní mór í a dhéanamh i gcomhréir iomlán le RGCS.

Chun riachtanais saoránach faoi mhíchumas a chomhlíonadh go héifeachtúil i gcomhthéacs toghchánach, d'fhéadfaí bearta caighdeánacha a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá neamhionannais ann ó thaobh na rochtana ar an vóta de agus freisin ar éifeachtacht aon réiteach a ghlactar chun na neamhionannais sin a laghdú.

D'fhéadfaí dul i gcomhairle le heagraíochtaí lena ndéantar ionadaíocht ar son daoine faoi mhíchumas nuair atá bearta á n-ullmhú arb é is aidhm dóibh tacú le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin.

Moltaí lena dtugtar aghaidh ar phróisis thoghchánacha chuimsitheacha agus athléimneacha san Aontas, lena n-áirítear bearta chun inrochtaineacht na dtoghchán a chur chun cinn le haghaidh daoine faoi mhíchumas, eiseoidh an Coimisiún iad i mí na Nollag 2024.

Tuilleadh pléití maidir leis an ábhar a bhaineann le toghcháin lena gcuimsítear míchumas, déanfar iad faoi chuimsiú an Líonra Comhair Eorpaigh um Thoghcháin.

### **Iarscríbhinn 1 – Creat chun é a chur ar a gcumas do dhaoine faoi mhíchumas toghcháin a rochtain**

<b>Cathain?</b>	<b>Céard?</b>
Roimh na toghcháin	- Pleananna gníomhaíochta míchumais a fhorbairt, lena n-áirítear seicliostaí le haghaidh toghcháin inrochtana agus páirt a thabhairt d'eagraíochtaí lena ndéantar ionadaíocht ar son daoine faoi mhíchumas agus na pleananna sin á n-ullmhú.

Cathain?	Céard?
	<ul style="list-style-type: none"> <li>- A áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar fhaisnéis thoghchánach, i móid agus i bhformáidí iomadúla agus inrochtana.</li> <li>- A áirithiú go mbeidh suíomhanna gréasáin na n-údarás toghcháin inrochtana.</li> <li>- Gníomhaíochtaí múscailte feasachta, gníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais a dhéanamh, lena n-áirítear i gcomhar le heagraíochtaí lena ndéantar ionadaíocht thar ceann daoine faoi mhíchumas.</li> <li>- Áitreabh stáisiúin vótála a roghnú atá inrochtana, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as seicliostaí a forbraíodh i dteannta eagraíochtaí lena ndéantar ionadaíocht thar ceann daoine faoi mhíchumas.</li> <li>- Páipéir bhallóide a dhearadh chun bheith soléite agus uirlisí cúnta a úsáid.</li> <li>- Stáisiúin vótála inrochtana a dhearadh, agus níos mó ná an inrochtaineacht fhisiceach amháin á cuimsiú.</li> <li>- A áirithiú go mbeidh meaisíní vótála feistithe le bogearraí lenar féidir gnéithe inrochtaineachta a chur isteach iontu go héasca.</li> <li>- Bothanna vótála agus boscaí ballóide a dhearadh atá inrochtana ag réimse leathan vótálaithe.</li> <li>- Uirlisí a cheannach chun feabhas a chur ar inrochtaineacht, amhail lionsaí formhéadúcháin, lampaí, teimpléid thadhhlacha agus/nó Braille le haghaidh ballóidí páipéarbhunaithe, greamáin thadhhlacha le haghaidh boscaí ballóide, pinn greamáin mhóra, asphriontaí móra, comhaid fuaimne (i.e. DAISY <sup>(95)</sup>), físchomhaid ina bhfuil tras-scríobh iomlán, fotheidealú, ateangaireacht chomharthaíochta.</li> <li>- Modhanna vótála comhlántacha agus socruithe sonracha eile a sholáthar, lena n-áirítear vótáil phoist agus vótáil ar líne, réamhvótáil, vótáil mhóibíleach, vótáil taobhchosáin, seachvótáil agus an rogha chun stáisiún vótála eile a roghnú.</li> <li>- Breithnithe míchumais a phríomhshruthú i lámhleabhair le haghaidh oifigigh thoghcháin.</li> <li>- Dul i gcomhairle le heagraíochtaí lena ndéantar ionadaíocht ar son daoine faoi mhíchumas agus rialacha toghcháin á n-ullmhú agus páirt a thabhairt dóibh agus cóid iompair á bhforbairt, lena n-áirítear cleachtais chuimsitheacha chun liostaí iarrthóirí a thiomsú.</li> </ul>
Le linn na dtoghchán	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Oiliúint a sholáthar d'oifigigh thoghcháin maidir le conas cuidiú le daoine faoi mhíchumas sa phróiseas vótála.</li> <li>- Feasacht a mhúscailt i measc údaráis thoghchánacha agus údaráis ábhartha eile.</li> <li>- Faisnéis thoghchánach a scaipeadh i móid agus formáidí iomadúla agus inrochtana.</li> <li>- Díospóidí agus imeachtaí toghchánacha a dhéanamh inrochtana.</li> </ul>

<sup>95</sup> [European Inclusive Publishing Forum \[an Fóram Eorpach um Fhoilsitheoireacht Chuimsitheach\]](#).



Cathain?	Céard?
	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tacú le hinrochtaineacht na fógraíochta polaitiúla, lena n-áirítear i gcomhar le heagraíochtaí lena ndéantar ionadaíocht ar son daoine faoi mhíchumas agus oiliúint a sholáthar do sholáthraithe na meán.</li> <li>- Tacú le hiarrthóirí faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí ateangairí teanga comharthaíochta a sholáthar, agus díospóireachtaí a dhéanamh i bhformáidí inrochtana.</li> <li>- Cuidiú le daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh mar oifigigh thoghcháin, lena n-áirítear trí rochtain ar ateangaireacht teanga comharthaíochta a sholáthar.</li> <li>- Tacú le rannpháirtíocht vótálaithe, lena n-áirítear trí chúnaimh vótála ó dhuine dá rogha féin a sholáthar agus beartais sáraithe scuaine a chur chun feidhme.</li> <li>- Torthaí toghcháin a fhógairt i bhformáidí inrochtana.</li> <li>- A áirithiú go mbeidh nósanna imeachta um réiteach díospóidí toghcháin inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.</li> <li>- Tacú le breathnóireacht daoine faoi mhíchumas ar thoghcháin agus inrochtaineacht na dtoghchán a bhreathnú.</li> </ul>
Tar éis na dtoghchán	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Sonraí maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin a bhailiú.</li> <li>- Meastóireacht a dhéanamh ar inrochtaineacht na dtoghchán agus páirt a thabhairt d'eagraíochtaí lena ndéantar ionadaíocht ar son daoine faoi mhíchumas sa mheastóireacht sin.</li> <li>- Bacainní dlíthiúla, institiúideacha agus riaracháin a athbhreithniú.</li> <li>- Athbhreithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht na suíomhanna gréasáin toghchánacha, lena n-áirítear i gcomhar le heagraíochtaí lena ndéantar ionadaíocht ar son daoine faoi mhíchumas.</li> <li>- Torthaí na meastóireachta a fhoilsiú i bhformáidí inrochtana.</li> <li>- Na próisis réamhchlárúcháin éagsúla a shimpliú, a uathobriú agus rochtain a sholáthar orthu, lena n-áirítear clárú vótálaithe, conas cóiríocht a iarraidh, agus rochtain ar na doiciméid a bhfuil gá acu leo a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas.</li> <li>- Comhpháirtíochtaí a dhaingniú idir údaráis toghcháin, eagraíochtaí lena ndéantar ionadaíocht ar son daoine faoi mhíchumas agus páirtithe leasmhara eile, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sainaitheanta a bhaineann le hinrochtaineacht fhoriomlán na timpeallachta toghchánaí.</li> </ul>

## **larscríbhinn 2 – Samplaí de sheicliostaí chun measúnú a dhéanamh ar inrochtaineacht na stáisiún vótála**

a) An Eastóin

<b>Na critéir ar a ndearnadh measúnú</b>	<b>Tá</b>	<b>Níl</b>
lompar poiblí agus páirceáil		
Is féidir an foirgneamh ina bhfuil an stáisiún vótála suite a rochtain le hiompar poiblí		

Tá spásanna páirceála ag an bhfoirgneamh le haghaidh feithiclí daoine faoi mhíchumas		
Rochtain saor ó chonstaicí ann ón limistéar páirceála chuig an bpríomhbhealach isteach go dtí an foirgneamh		
Rian rochtana agus iontráil san fhoirgneamh		
Tá comharthaíocht ag gabháil leis an rian go dtí an foirgneamh agus leis an an bpríomhbhealach isteach		
Tá an iontráil chuig an bhfoirgneamh inrochtana le rampa		
Tá lámhráillí ag an rampa chomh maith le dromchla frithshleamhnánach cothrom		
Tá an rampa ar leithead leordhóthanach (1.1 m ar a laghad)		
Is féidir le húsáideoirí cathaoireacha rothaí tairseach dorais an fhoirgnimh a thrasnú go neamhspleách		
Tá an doras amuigh inoscailte go huathoibríoch nó is féidir é a oscailt go héasca		
Tá an doras amuigh ar oscailt, i.e níl glas ar an doras, ná níl gá le teileafón dorais lena oscailt		
Rian rochtana go dtí an áit vótála san fhoirgneamh		
Tá an áit vótála ar an urlár céanna leis an bpríomhbhealach isteach go dtí an foirgneamh		
Tá an áit vótála (mura bhfuil sí ar an urlár céanna leis an bpríomhbhealach isteach) inrochtana le hardaitheoir nó rampa		
Tá an rian ón bpríomhbhealach isteach go dtí an áit vótála ar leithead leordhóthanach (1.5 m ar a laghad)		
Tá an rian rochtana go dtí an áit vótála saor ó chonstaicí, lena n-áirítear tairseacha dorais, a chuireann bac ar rochtain cathaoireacha rothaí		
Tá na doirse istigh inoscailte go huathoibríoch nó is féidir iad a oscailt go héasca		
Tá comharthaíocht ag gabháil leis an rian go dtí an stáisiún vótála		
Tá soilsiú leordhóthanach in áitreabh inmheánach an fhoirgnimh		
Gluaiseacht sa stáisiún vótála		
Tá spás leordhóthanach ann chun cathaoireacha rothaí agus áiseanna soghluaisteachta eile a aistriú sa stáisiún vótála		
Tá suíocháin sa stáisiún vótála le haghaidh vótálaithe ar gá dóibh a scíth a ligean		
Tá soilsiú leordhóthanach sa stáisiún vótála		

b) An Fhionlainn<sup>(96)</sup>

<b>Ag teacht go dtí an stáisiún vótála</b>	<b>Tá</b>	<b>Níl</b>
An bhfuil an stáisiún vótála inrochtana go héasca agus an bhfuil stad iompair phoiblí ann gar don stáisiún vótála?		
An féidir le trácht tionlacain (e.g. tacsaithe le haghaidh daoine faoi mhíchumas) druidim gar don bhealach isteach?		
An bhfuil spásanna páirceála inrochtana ann gar don stáisiún vótála (3 600 mm ar leithead agus 5 000 mm ar fad)?		

<sup>96</sup> [Invalidiliitto, 'Äänestyspaikkojen esteettömyyden tarkistuslista'](#).

<b>Ag teacht go dtí an stáisiún vótála</b>	<b>Tá</b>	<b>Níl</b>
An bhfuil comharthaíocht ag gabháil leis an rian go dtí an an bealach isteach?		
An bhfuil an rian go dtí an bealach isteach sofheicthe, mín, agus dromchla crua air, agus é neamhsciorrach?		
An bhfuil grádáin an phasáiste ar mhéid nach mó ná 5 % (1:20)?		
An bealach isteach		
An bhfuil comharthaí soiléire ann le haghaidh rianta inrochtana ag an stáisiún vótála?		
An bhfuil rampa ann ina bhfuil fána suas le 8 % agus é 900 mm ar leithead ar a laghad feadh staighre an bhealaigh isteach?		
An bhfuil lámhráillí ar dhá thaobh an staighre agus na rampaí?		
An bhfuil ardán ann os comhair an dorais tosaigh atá ar a laghad 1 500 mm x 1 500 mm?		
An bhfuil 400 mm ar a laghad de spás saor ann ar an taobh oscailte den doras tosaigh lena bhfuil gá ag úsáideoir cathaoireacha rothaí agus an doras á oscailt?		
An bhfuil an doras isteach 850 mm ar leithead ar a laghad agus an bhfuil airde nach mó ná 20 mm sa tairseach?		
An bhfuil an doras inoscailte go huathoibríoch nó an bhfuil sé éadrom ar bhealach eile (fórsa oscailte uasta 10 N, i.e. 1 kg)?		
An bhfuil bearnaí ann nach mó ná 10 mm x 30 mm sa mhata láibe nó sa ghráta ag an mbealach isteach, agus an bhfuil bearna nach mó ná 20 mm sa difríocht leibhéil a chruthaítear leis an mata nó leis an ngráta?		
An bhfuil doimhneacht agus leithead an chaibinéid gaoithe cothrom le 1 500 mm ar a laghad má osclaíonn an dá dhoras ón seaicéad gaoithe?		
An bhfuil an caibinéad gaoithe 1 500 mm ar leithead ar a laghad agus an bhfuil a dhoimhneacht cothrom le 2 300 mm ar a laghad má osclaíonn ceann de na doirse laistigh den chaibinéad?		
Stáisiún vótála		
An bhfuil both vótála amháin ar a laghad ag an stáisiún vótála inar féidir leat an páipéar ballóide a líonadh isteach ag an mbord le linn duit a bheith i do shuí?		
An bhfuil spás glún ann faoi bhord na botha vótála (750-800 mm ar airde) agus íostoisí 800 mm ar leithead ann, 600 mm ar domhain agus 670 mm ar airde?		
Nó an bhfuil boird inchoigeartaithe ó thaobh airde de ag an stáisiún vótála?		
An bhfuil soilsiú atá saor ó dhallrú agus leordhóthanach (500-750 lucsa ar an leibhéal scríbhneoireachta) ag na bothanna vótála?		
An bhfuil suíocháin ag an stáisiún vótála inar féidir le vótálaithe a scíth a ligean más gá dóibh sin a dhéanamh?		
An bhfuil cúntóir toghcháin ann ag an réamhstáisiún vótála agus ag an stáisiún vótála iarbhír?		
Má tá úsáideoirí gaireas cunta ann i measc oifigigh thoghcháin, ní mór an stáisiún vótála a bheith feistithe le leithreas inrochtana.		

### **Iarscríbhinn 3 – Sampla de mholtaí ginearálta le haghaidh oifigigh stáisiúin vótála**

An Spáinn

Mar chomhalta de stáisiún vótála, coimeád i gcuimhne go bhfuil daoine faoi mhíchumas féinrialaitheach agus neamhspleách agus nach mór déileáiltear leo amhlaidh.

Gníomhaigh go nádúrtha agus go measúil. Ná glac leis go bhfuil gá ag duine le cuidiú díreach toisc go bhfuil sé faoi mhíchumas. Más timpeallacht inrochtana atá inti, is iondúil go n-éiríonn le daoine faoi mhíchumas gan deacracht.

Gníomhaigh faoi threoir céille agus phrionsabal an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe.

Ná fiafraigh an bhfuil gá le do chuidiú ach amháin más cosúil go bhfuil gá ag an vótálaí faoi mhíchumas leis. Má ghlacann an duine sin leis, fiafraigh de go sonrach conas is féidir leat cuidiú roimh ghníomhú.

Arna iarraidh sin do vótálaithe faoi mhíchumas, agus sa chás sin amháin, ag an mbealach isteach go dtí an áit vótála, féadfaidh an t-ionadaí den riarachán nó den fhoireann slándála iad a thionlacan go dtí an stáisiún vótála comhfhreagrach.


Le linn cumarsáid a dhéanamh le daoine a bhfuil laguithe éisteachta orthu, labhair díreach ar aghaidh, ná bog do cheann. Ná labhair ón gcúl, cromtha síos ná le linn a bheith ag scríobh. Ná bí ag béiceadh, díreach labhair mar is gnách, ar do ghnáthluas cainte, gan aon rud i do bhéal, agus ná blocáil d'aghaidh as amharc. Más gá, úsáid scríbhneoireacht, comharthaí nádúrtha nó tarraing aird ach méar éadrom a leagan ar an lámh.

Le haghaidh vótálaithe lagamhairc, is féidir leat do lámh a thairiscint mar thacaíocht. Má dhéanann tú amhlaidh, oiriúnaigh do luas dá luas féin agus bíodh aird chuí agat ar an timpeallacht ionas gur féidir leo siúl go compordach.

Madraí treorach agus madraí cuidithe le haghaidh daoine faoi mhíchumas ligfear isteach i gcónaí iad, ní mór dóibh fanacht lena n-úinéir agus níor cheart cur as dóibh ná cur isteach orthu.

Seiceáil i gcónaí gur thuig an duine faoi mhíchumas a bhfuil tú ag iarraidh a chur in iúl.

**Iarscríbhinn 4 – Sampla de conas rochtain ar áitreabh stáisiúin vótála a sholáthar<sup>(97)</sup>**






**Iarscríbhinn 5 – Sampla de conas stáisiún vótála inrochtana a dhearadh<sup>(98)</sup>**



<sup>97</sup> [Accessibilité des bureaux de vote.](#)

<sup>98</sup> [Accessibilité des bureaux de vote.](#)

## Iarscríbhinn 6 – Samplaí de bhothanna vótála oiriúnaithe<sup>(99)</sup>



## Iarscríbhinn 7 – Coincheap an mhíchumais arna úsáid ag na Ballstáit i gcomhthéacs toghchán

Athraíonn na Ballstáit ina gcur chuige maidir le coincheap an mhíchumais i gcomhthéacs toghchán. Bíonn an méid sin nasctha uaireanta leis an mbealach a shainmhíneann siad cé atá i dteideal vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin,

<sup>99</sup> [Accessibilite des bureaux de vote.](#)

nó conas a shainmhíníonn siad cé atá incháilithe socruithe vótála speisialta a úsáid. Féadfaidh na Ballstáit tagairt a dhéanamh freisin do mhíchumas i gcomhthéacsanna eile, amhail cearta sóisialta agus bunúsacha, a d'fhéadfadh a bheith ábhartha i gcomhthéacs toghchán.

Úsáideann Ballstáit éagsúla sainmhínte oibríochtúla lena mínítear cumas na vótálaithe a gceart chun vótáil a fheidhmiú as a stuaim féin. Is iad na daoine a shainmhíníonn an Ostair mar vótálaithe faoi mhíchumas daoine a bhféadfaidh gá réasúnach a bheith acu le cúnamh agus páipéar ballóide oifigiúil á líonadh isteach, is é sin agus cuidiú á fháil ó dhuine eile nó ó ghairis chúnta áirithe amhail teimpléid. Déanann an tSeicia tagairt do mhíchumas mar cheann de na critéir chun cúnamh nó tacaíocht shonrach eile a sholáthar do vótálaithe. Luann an Danmhairg daoine faoi mhíchumas i gcomhthéacs na roghanna vótála éagsúla atá ar fáil do vótálaithe nach bhfuil in ann vótáil ag an stáisiún vótála ná ag an stáisiún vótála sonrach dá bhfuil siad sannta. Ar an mbealach céanna, déanann an Eastóin foráil maidir le vótálaithe nach bhfuil in ann a rogha vótála a chur in iúl ar pháipéar ballóide ná ag an stáisiún vótála de dheasca míchumas fisiciúil. Cuireann an Spáinn cur chuige níos caolchúisí i bhfeidhm, agus foráil á déanamh maidir le cineálacha éagsúla míchumais, cibé acu laguithe fisiceacha (amhail laguithe éisteacha agus amhairc) nó intleachta<sup>(100)</sup>.

Le haghaidh na Cróite, measúnú ar mhíchumas (míchumas fisiciúil, amhail daille, lagamharc, damáiste do bharr na mball nó laguithe eile lena gcuirtear cosc ar an vótálaí vótáil go neamhspleách) níl gá leis sin ach amháin má bhíonn inniúlacht an duine chun vótáil go neamhspleách i gceist.

Sainmhíníonn an Ungáir vótálaithe faoi mhíchumas mar vótálaithe a bhfuil cumais chéadfacha an-teoranta iontu nó nach bhfuil aon chumas den sórt sin iontu, go háirithe cumais amhairc agus éisteachta, nó a bhfuil cumais ghluaisluaile nó inniúlacht mheabhrach an-teoranta iontu nó nach bhfuil aon chumas gluaisluaile ná inniúlacht mheabhrach iontu, nó a bhfuil cumais chumarsáide an-teoranta iontu, agus fágann sin go bhfuil siad faoi mhíbhuntáiste buan ó thaobh páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol sóisialta.

Luann an Laitvia vótálaithe faoi mhíchumas fisiciúil nach féidir leo an stáisiún vótála a bhaint amach. Luann an Ísiltír vótálaithe faoi mhíchumas fisiciúil ina ceanglas chun stáisiúin vótála a fheistiú ar bhealach lena gcuirtear é ar a gcumas do vótálaithe faoi mhíchumas fisiciúil a vóta a chaitheamh as a stuaim féin a mhéid is féidir nó cuidiú a fháil ó chomhalta de stáisiún vótála.

Sa Phortaingéil, chun críocha na hoibleagáide a bhaineann le seirbhís tosaíochta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, maidir leis na heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha uile a sholáthraíonn seirbhís go pearsanta don phobal, duine faoi mhíchumas nó faoi éagumas sainmhínítear é go dlíthiúil mar dhuine ag a bhfuil, de dheasca cailteanas ó bhroinn nó cailteanas a fuarthas nó lagú ar fheidhmeanna coirp, lena n-áirítear feidhmeanna síceolaíocha, deacrachtaí sonracha lena dteorannaítear, i gcomhar le tosca comhshaoil, a ngníomhaíocht agus a

---

<sup>100</sup> In 2018, sa Spáinn, leasaíodh Airteagal 3 den Dlí Toghcháin.

rannpháirtíocht ar théarmaí comhionanna le daoine eile nó lena gcuirtear bac orthu sin a dhéanamh agus ina bhfuil leibhéal éagumais atá cothrom le 60 % nó níos mó, rud a aithnítear i nDeimhniú Ilchuspóireach<sup>(101)</sup>. Soláthraíonn an Phortaingéil tosaíocht nó cúnamh do vótálaithe faoi mhíchumas ag an stáisiún vótála. Vótálaí dá ndéantar difear le tinneas follasach nó míchumas fisiciúil, agus a shuíonn lucht an stáisiúin vótála nach bhfuil sé in ann na bearta is gá le haghaidh vótála a dhéanamh, vótálfaidh sé faoi thionlacan vótálaí eile dá rogha féin, a ráthaíonn go gcomhfhreagraíonn an vóta do thoil an vótálaí agus atá faoi cheangal ag rúndacht iomlán. Má mheasann lucht an stáisiúin vótála nach bhfuil an tinneas ná an míchumas fisiciúil follasach, éilíonn sé deimhniú lena bhfianaítear gur dodhéanta vótáil a chur i láthair tráth na vótála, arna eisiúint ag an dochtúir a fheidhmíonn cumhachtaí údaráis sláinte i limistéar an bhardais agus arna fhíordheimhniú le séala na seirbhíse faoi seach. Chuige sin, ní mór do na hionaid sláinte leanúint de bheith ar oscailt lá an toghcháin le linn an trátha a fheidhmíonn na stáisiúin vótála. Gan dochar do chonclúidí lucht an stáisiúin vótála maidir le hinghlacthacht an vóta, aon duine dá chomhaltaí nó de thoscairí na bpáirtithe polaitiúla nó na gcomhghuaillíochtaí, féadfaidh sé agóid i scríbhinn a chlárú. Féadfaidh vótálaithe lagamhairc, más mian leo, a iarraidh ar an stáisiún vótála ballóid Braille a sholáthar dóibh lena gcuirfead ar a gcumas dóibh na nósanna imeachta vótála a fhorordaítear go dlíthiúil a dhéanamh as a stuaim féin. Leis an reachtaíocht thoghchánach ní dhéantar ach daoine faoi mhíchumas síceasóisialta tromchúiseach a chatagóiriú mar dhaoine nach bhfuil in ann vótáil, ar daoine iad a thógtar isteach i saoráid shíciatrach nó ar ina leith a dhearbhaíonn bord míochaine amhlaidh. Daoine ar a bhfuil lagú meabhrach follasach, fiú mura bhfuil sé cláraithe amhlaidh, nuair a chuirtear faoi chúram institiúide síciatraí iad nó nuair a dhearbhaíonn bord dochtúirí amhlaidh, agus daoine a mbaintear a gcearta polaitiúla díobh le cinneadh críochnaitheach ó chúirt, níl aon inniúlacht thoghchánach ghníomhach iontu.

Luann an tSlóivéin réimse míchumais ina dlíthe toghcháin agus leagann sí amach na roghanna vótála atá ar fáil do vótálaithe.

Maidir leis na Ballstáit eile, is amhlaidh, ar chúiseanna éagsúla, nach gceanglaíonn siad an téarma go sonrath le rannpháirtíocht thoghchánach agus a úsáideann siad sainmhínte cineálacha nó sainmhínte a bunaíodh chun críoch dlíthiúil eile. Le haghaidh na Gréige, tá an méid sin nasctha le slándáil shóisialta agus lena Plean Gníomhaíochta Náisiúnta le haghaidh Daoine faoi Míchumas atá ar na bacáin, an Clár Míchumais agus an Cárta Míchumais Digiteach. Úsáideann an Fhrainc sainmhíniú leathan ar mhíchumas, rud a shainmhínítear mar aon teorainn le gníomhaíocht nó aon srianadh ar rannpháirtíocht sa tsochaí a bhaineann do dhuine ina thimpeallacht de dheasca lagú substaintiúil, marthanach nó buan ar fheidhm fhisiceach, chéadfach, mheabhrach, chognaíoch nó shíceach amháin nó níos mó, il-míchumas nó riocht sláinte míchumasaithe. Úsáideann Éire sainmhíniú i gcomhthéacs toghchán a tharraingítear den chuid is mó ó shainmhíniú UNCRPD, lena léirítear go gciallaíonn míchumas srianadh substaintiúil ar inniúlacht an duine chun gairm bheatha, gnó nó ceird a dhéanamh sa Stát nó chun páirt a ghlacadh sa

---

<sup>101</sup> Dlí Foraithe Uimh. 58/2016, an 29 Lúnasa.



saol sóisialta nó cultúrtha sa Stát mar gheall ar lagú fisiceach, céadfach, meabhairshláinte nó intleachta seasmhach.

Sainmhíonann an Liotuáin míchumas mar mheathlú fadtéarmach ar shláinte, ar rannpháirtíocht sa saol sóisialta agus laghdú ar ghníomhaíocht de dheasca an chur isteach ar struchtúr agus feidhmeanna coirp duine agus idirghníomhú tosca comhshaoil díobhálacha. Ag tosú le 2024, athrófar an sainmhíniú sin agus tuigfear míchumas mar lagú feidhmiúil fadtéarmach (ó bhroinn agus/nó a fuarthas), lena gcuirtear cosc, de dheasca tosca comhshaoil, ar dhuine páirt iomlán agus éifeachtach a ghlacadh sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile. Úsáideann Lucsamburg sainmhíniú UNCRPD.

Sa Rómáin, ní áirítear coincheap an mhíchumais sa reachtaíocht thoghchánach ann féin, ach úsáidtear i reachtaíocht shonrach é maidir le cearta daoine faoi mhíchumas. Tá sé bunaithe ar choincheap UNCRPD lena sainmhínítear daoine faoi mhíchumas mar dhaoine nach bhfuil a dtimpeallacht shóisialta oiriúnaithe dá laguithe fisiceacha, céadfacha, síceacha, meabhracha agus/nó bainteacha, agus leis sin déantar a rochtain ar shaol na sochaí, ina bhfuil comhionannas deiseanna, a chosc nó a theorannú go hiomlán, lena n-éilítear bearta cosanta chun tacú lena lánpháirtíú sóisialta agus lena gcuimsiú. Leis an dlí maidir le toghcháin uachtaráin tagraítear freisin do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, lena gcuimsítear daoine faoi mhíchumas fisiciúil, agus mar chritéar chun bheith in ann vótáil ag aon stáisiún vótála inrochtana.

Ní shainmhíonann an Bheilg míchumas ná ní dhéanann sí idirdhealú idir míchumas meabhrach ná fisiciúil. Tá creat dlíthiúil ag an nGearmáin dá ndéantar tagairt le haghaidh na mbeartas míchumais uile. Sa tSualainn, níl aon chritéar sonrach ann lena sainmhínítear a bhfuil i gceist le míchumas, ós rud é gurb amhlaidh a dhéantar difear do dhaoine i staideanna éagsúla le cineálacha éagsúla míchumas.

## **Iarscríbhinn 8 – Dlí an Aontais agus caighdeán an Aontais atá ábhartha i gcomhthéacs inrochtaineacht na dtoghchán le haghaidh daoine faoi mhíchumas**

Le Treoir (AE) 2019/882<sup>(102)</sup> (an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht) i ndáil leis **na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí** cuirtear chun cinn rannpháirtíocht chomhionann iomlán agus éifeachtach trí fheabhas a chur ar rochtain ar tháirgí agus seirbhísí príomhshrutha lena gcomhlíontar, trí dheardh nó oiriúnú, riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas. Le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo leagtar síos na ceanglais inrochtaineachta shonracha le haghaidh táirgí agus seirbhísí. Le hIarscríbhinn II soláthraítear samplaí de réitigh phraiticiúla lena gcuidítear le tíortha na ceanglais inrochtaineachta sin a chomhlíonadh. Leis na réitigh sin cumhdaítear soláthar faisnéise, comhéadan úsáideora agus dearadh feidhmiúlachta, pacáistíocht agus treoracha táirgí, soláthar

---

<sup>102</sup> [Treoir \(AE\) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí.](#)

seirbhísí agus seirbhísí sonracha, a d'fhéadfadh a bheith ina gcuidiú freisin chun réitigh vótála digítí a dhéanamh inrochtana.<sup>(103)</sup>

Le haghaidh táirgí agus seirbhísí nach gcumhdaítear leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht, dá leanfaí de na ceanglais inrochtaineachta sin chuideofaí fós le feabhas a chur ar an inrochtaineacht ar fud an Aontais.

Le **Treoracha 2014/24/AE**<sup>(104)</sup> agus **2014/25/AE**<sup>(23, 105)</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar poiblí, lena sainítear na nósanna imeachta soláthair le haghaidh conarthaí poiblí agus comórtais deartha le haghaidh soláthairtí áirithe (táirgí), seirbhísí agus oibreacha, suitear gurb amhlaidh, le haghaidh an tsoláthair uile a dheartar lena úsáid ag an bpobal, cé acu an pobal i gcoitinne nó foireann an údaráis nó an eintitis chonarthaigh, leis na sonraíochtaí teicniúla (seachas i gcásanna a bhfuil údar cuí leo) ní mór leanúint de na critéir inrochtaineachta le haghaidh daoine faoi mhíchumas nó dearadh le haghaidh na n-úsáideoirí uile. Leis na Treoracha sin ceanglaítear freisin, i gcás ina nglactar ceanglais inrochtaineachta éigeantacha le píosa reachtaíochta ón Aontas, nach mór leanúint de na ceanglais sin le sonraíochtaí teicniúla ó thaobh rochtain a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus dearadh le haghaidh na n-úsáideoirí uile.

**Le Treoir (AE) 2016/2102**<sup>(106)</sup> (**an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin**) leagtar amach prionsabail inrochtaineachta le haghaidh suíomhanna gréasáin agus feidhmchláir mhóibíleacha arna reáchtáil ag comhlachtaí na hearnála poiblí. Is iad seo a leanas na prionsabail sin:

- ní mór faisnéis agus comhpháirteanna an chomhéadain úsáideora a chur i láthair d'úsáideoirí ar bhealach is inbhraite dóibh;
- inoibritheacht, a chiallaíonn nach mór comhpháirteanna an chomhéadain úsáideora agus an nascleanúint a bheith inoibrithe;
- sothuigtheacht, a chiallaíonn nach mór an fhaisnéis agus oibríocht an chomhéadain úsáideora a bheith sothuigte; agus
- stóinseacht, a chiallaíonn nach mór an t-ábhar a bheith sách stóinseach chun go bhféadfaidh raon leathan úsáideoirí, lena n-áirítear teicneolaíochtaí cúnta, é a léirmhíniú go hiontaofa.<sup>(107)</sup>

---

<sup>103</sup> Le hlarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Treoir soláthraítear samplaí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le nósanna imeachta vótála.

<sup>104</sup> [Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE](#). Téacs comhdhlúite.

<sup>105</sup> [Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE](#). Téacs comhdhlúite.

<sup>106</sup> [Treoir \(AE\) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí](#).

<sup>107</sup> Déantar na prionsabail inrochtaineachta sin a aistriú ina gcritéir ratha intástáilte, amhail iad sin atá mar bhonn de Chaighdeán Eorpach EN 301 549 V3.2.1 (2021-03) *Accessibility requirements*

Leis an Treoir cuirtear de cheangal freisin ar gach suíomh gréasáin agus feidhmchlár móibíleach ráiteas inrochtaineachta mionsonraithe, cuimsitheach agus soiléir a sholáthar ar conas a chomhlíontar an treoir sin lena suíomhanna gréasáin agus lena bhfeidhmchláir mhóibíleacha.<sup>(108)</sup>

Le haghaidh roinnt mhaith Ballstát, d'fhág glacadh na Treorach go raibh dlíthe náisiúnta nua maidir le hinrochtaineacht gréasáin le tabhairt isteach. Gan an Treoir, le gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta amháin ní bhainfí amach an leibhéal gníomhaíochta a bhaineann le hinrochtaineacht gréasáin, lena n-áirítear múscailt feasachta laistigh den earnáil phoiblí, mar a léirítear i dtuarascálacha ó na mBallstáit maidir le faireachán ar inrochtaineacht. Leis an athbhreithniú ar an dul chun cinn teicneolaíoch léiríodh maidir le modhanna uathobrithe nó éifeachtúla agus is éasca a chur chun feidhme lena n-úsáidtear intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim, gur minice a úsáidtear iad in uirlisí lena soláthraítear rochtain dhigiteach, rud a chuireann feabhas ar an inrochtaineacht le haghaidh cineálacha áirithe ábhair atá lasmuigh de raon feidhme na Treorach faoi láthair.

Le **Treoir 2010/13/AE**<sup>(109)</sup> aithnítear go bhfuil nasc idir an ceart atá ag daoine a bhfuil lagú orthu agus ag daoine scothaosta páirt a ghlacadh agus a bheith lánpháirteach i saol sóisialta agus cultúrtha an Aontais, agus seirbhísí meán closamhairc inrochtana a bheith ar fáil. Dá bhrí sin, ní mór do na Ballstáit, gan moill mhíchúí, a áirithiú go ndéanfaidh soláthraithe seirbhíse meán faoina ndlínse gníomhú chun ábhar a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe daoine a bhfuil lagú amhairc nó éisteachta orthu. Ní mór do sholáthraithe seirbhíse meán na ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh trí phróiseas forchéimnitheach agus leanúnach, agus na sriantachtaí praiticiúla agus dosheachanta lena bhféadfaí inrochtaineacht iomlán a chosc á gcur san áireamh acu, amhail cláir nó imeachtaí a chraoltar i bhfíor-am.

Chun go dtomhaisfear an dul chun cinn a dhéanann soláthraithe seirbhíse meán cumarsáide chun a seirbhísí a dhéanamh inrochtana de réir a chéile do dhaoine faoi mhíchumas amhairc nó éisteachta, ní mór do na Ballstáit a éileamh ar sholáthraithe seirbhíse meán cumarsáide atá bunaithe ar a gcríoch tuairisciú do na húdaráis rialála

---

*suitable for public procurement of ICT products and services in Europe* [Ceanglais inrochtaineachta atá oiriúnach do sholáthar poiblí táirgí agus seirbhísí TFC san Eoraip]. Leis sin soláthraítear modheolaíocht choiteann chun comhréireacht an ábhair ar shuíomhanna gréasáin agus ar fheidhmchláir mhóibíleacha leis na prionsabail sin a thástáil. Glacadh an caighdeán Eorpach sin ar bhonn shainordú M/554 arna eisiúint ag an gCoimisiún chuig na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú.

<sup>108</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1523 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2018 lena mbunaítear samhail de ráiteas inrochtaineachta i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus na bhfeidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 256, 12.10.2018, Igh. 103-107).

<sup>109</sup> [Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos leis an dlí, le rialachán nó le gníomh riaracháin sna Ballstáit a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar \(an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc\)](#) (leagan códaithe). Téacs comhdhlúite

náisiúnta ar bhonn tráthrialta. Ní mór na Ballstáit soláthraithe seirbhíse meán cumarsáide a spreagadh freisin chun pleananna gníomhaíochta inrochtaineachta a fhorbairt i leith a gcuid seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana de réir a chéile agus go leanúnach do dhaoine atá faoi mhíchumas. Ní mór na pleananna gníomhaíochta sin a chur in iúl do na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta. Ní mór do gach Ballstát pointe teagmhála aonair a ainmniú freisin, a bheidh inrochtana go héasca, lena n-áirítear ag daoine faoi mhíchumas, agus a bheidh ar fáil go poiblí ar líne chun faisnéis a sholáthar agus gearáin a fháil maidir le haon cheann de na saincheisteanna inrochtaineachta thuas.

Le **Caighdeán Eorpach EN 301 549**<sup>(110)</sup> sonraítear na ceanglais inrochtaineachta fheidhmiúla is infheidhme maidir le táirgí agus seirbhísí TFC, agus tuairisc ar na nósanna imeachta tástála agus ar an modheolaíocht mheastóireachta le haghaidh gach ceanglas inrochtaineachta i bhfoirm atá oiriúnach lena húsáid i soláthar poiblí san Eoraip. Deartar an doiciméad sin lena úsáid le teicneolaíochtaí gréasánbhunaithe, teicneolaíochtaí neamhghríasáin agus hibridí a úsáideann an dá chineál teicneolaíochta araon. Cumhdaítear leis bogearraí, cruá-earraí agus seirbhísí. Deartar é lena úsáid ag soláthraithe agus soláthróirí araon, ach tá coinne leis go mbeidh sé úsáideach le haghaidh roinnt mhaith daoine eile chomh maith leis sin.

Tarraingítear go mór leis ar na treoirlínte [Web Content Accessibility Guidelines v2.1](#), arna bhfoilsíú ag W3C agus ar a dtugtar WCAG 2.1. Is ceanglais iad WCAG a aithnítear go hidirnáisiúnta chun ábhar gréasáin a chur ar fáil. Meastar gur dea-chleachtas iad agus úsáidtear go han-fhorleathan iad. Mar sin féin, **le EN 301 549 v2.1.2 agus v3.2.1 araon cuimsítear ceanglais nach bhfuil mar chuid de WCAG 2.1**. Le EN 301 549 cuimsítear ceanglais freisin nach bhfuil ábhartha maidir leis an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, mar shampla, ceanglais inrochtaineachta córas cruá-earraí ríomhaire.<sup>(111)</sup>

---

<sup>110</sup> [An Treoir maidir le hinrochtaineacht gréasáin: Caighdeán agus comhchuibhiú](#). Tá an caighdeán sin faoi athbhreithniú faoi láthair, tar éis don Choimisiún sainordú caighdeánaithe M/587 a ghlacadh (CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN an 14.9.2022 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú chuig eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a mhéid a bhaineann le ceanglais inrochtaineachta táirgí agus seirbhísí mar thaca le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; féach [eNorm Platform \(europa.eu\)](#)), arb é is aidhm dó tacú le cur chun feidhme na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht. Is é an sprioc-am le haghaidh ghlacadh na gcaighdeán athbhreithnithe an 15 Meán Fómhair 2025.

<sup>111</sup> [An Treoir maidir le hinrochtaineacht gréasáin: Caighdeán agus comhchuibhiú](#). Tá an caighdeán sin faoi athbhreithniú faoi láthair, tar éis don Choimisiún sainordú caighdeánaithe M/587 a ghlacadh (CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN an 14.9.2022 maidir le [hiarraidh ar chaighdeánú chuig eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a mhéid a bhaineann le ceanglais inrochtaineachta táirgí agus seirbhísí mar thaca le Treoir \(AE\) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle](#)), arb é is aidhm dó tacú le cur chun feidhme na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht. Is é an sprioc-am le haghaidh ghlacadh na gcaighdeán athbhreithnithe an 15 Meán Fómhair 2025.

Le **Caighdeán Eorpach EN 17210**<sup>(112)</sup> maidir le hinrochtaineacht agus inúsáidteacht na timpeallachta tógtha tugtar tuairisc ar cheanglais agus moltaí feidhmiúla íosta bunúsacha le haghaidh timpeallacht thógtha inrochtana agus inúsáidte. Leantar leis sin na prionsabail maidir le ‘Dearadh le haghaidh Cách’/‘Dearadh Uilíoch’, lena n-éascaítear úsáid chothromasach agus shábháilte le haghaidh raon leathan úsáideoirí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Tá na ceanglais agus na moltaí inrochtaineachta agus inúsáidteachta feidhmiúla sin ábhartha maidir le dearadh, tógáil, athrochtú nó oiriúnú, agus cothabháil timpeallachtaí tógtha, lena n-áirítear limistéir coisithe agus uirbeacha faoin aer.

Ar na doiciméid tagartha bhreise áirítear:

- [Meastóireacht ar an doiciméad inmheánach oibre](#), athbhreithniú ar chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht shuíomhanna gréasáin agus fheidhmchláir mhóibíleacha chomhlachtaí na hearnála poiblí (an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin);
- [Staidéar atá mar bhonn taca faoin athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Treorach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin](#);
- [Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa](#), *Real rights of persons with disabilities to vote in European Parliament elections [Fíorchearta daoine faoi mhíchumas chun vótáil i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa]*;
- [Tuarascáil Chearta an Duine ón bhFóram Eorpach maidir leis an Míchumas i ndáil le rannpháirtíocht pholaitiúil daoine faoi mhíchumas](#);
- [AVA – Accessible Voting Awareness-Raising report on the Accessibility of Elections for Blind and Partially Sighted Voters in Europe \[AVA – Tuarascáil Múscailte Feasachta ar an Vótáil Inrochtana ó thaobh Inrochtaineacht na dToghchán de le haghaidh Vótálaithe Dalla agus Leathdhalla san Eoraip\]](#) arna cur ar fáil ag Aontas na nDall san Eoraip.

## **Iarscríbhinn 9 – Torthaí grúpa fócais maidir le hinrochtaineacht na dtoghchán le haghaidh daoine faoi mhíchumas a d’eagraigh an Coimisiún an 7 Meán Fómhair 2023**

An 7 Meán Fómhair 2023, d’eagraigh an Coimisiún grúpa fócais le páirtithe leasmhara ag obair ar chearta daoine faoi mhíchumas.

Tharraing daoine faoi mhíchumas intleachta ábhair inmí anuas maidir le rochtain daoine faoi mhíchumas intleachta ar an bpróiseas toghchánach agus leis na tástálacha a bhí á ndéanamh sa chomhthéacs sin. Ar na bacainní inrochtaineachta eile a luadh áiríodh an easpa faisnéise soléite, an easpa tacaíochta nó an tacaíocht neamh-leordhóthanach le haghaidh iarrthóirí faoi mhíchumas agus oifigigh thofa, lena n-áirítear i dtéarmaí ateangaireacht chomharthaíochta, oiliúint

---

<sup>112</sup> [Le EN 17210:2021 rannchuidítear le timpeallacht thógtha inrochtana agus inúsáidte.](#)

neamh-leordhóthanach le haghaidh oifigigh thoghcháin maidir le conas cuidiú le daoine faoi mhíchumas vótáil, stáisiúin vótála neamh-inrochtana, easpa iompair go dtí stáisiúin vótála agus roghanna malartacha neamh-leordhóthanacha ar vótáil ag an stáisiún vótála.

Chuir rannpháirtithe áirithe i dtábhacht gurb é a d'fhéadfadh teacht as an easpa feasachta maidir le cearta daoine faoi mhíchumas agus inrochtaineacht i bpróisis thoghchánacha bacainní dearcaidh agus comhshaoil, ar féidir tionchar a bheith acu ar athruithe beartais nó tionscnaimh chun feabhas a chur ar an ráta rannpháirtíochta. Luadh go n-eascraíonn feasacht íseal as saincheisteanna éagsúla, lena n-áirítear easpa sonraí vótála lena ngabhann mionsonraí maidir le míchumas, easpa oiliúna le haghaidh oifigigh thoghchánacha, agus leibhéil ísle rannpháirtíochta eagraíochtaí míchumais i gcleachtais thoghchánacha a athchóiriú.

Rinneadh tagairt do bhacainní comhshaoil, lena n-áirítear easpa rochtana ar fhaisnéis agus cumarsáid maidir le toghcháin agus páirtithe polaitiúla, stáisiúin vótála (go fisiciúil agus ar bhealaí eile araon) agus ábhair vótála neamh-inrochtana, modhanna vótála malartacha agus réamhvótála neamh-leordhóthanacha, infhaighteacht theoranta teicneolaíochtaí cúnta agus easpa tacaíocht phraiticiúil agus airgeadais le haghaidh daoine faoi mhíchumas, mar vótálaithe agus iarrthóirí araon. Ní sholáthraíonn aon Bhallstát tacaíocht shonrach d'iarrthóirí faoi mhíchumas ná cistí poiblí chun a gcostais feachtasaíochta a chumhdach. Leis sin cuirtear ualach airgeadais agus lóistíochta na hinrochtaineachta ar ghuaillí na ndaoine atá ag iarraidh a bheith ina n-iarrthóirí, agus orthu sin amháin.

Luaigh na páirtithe leasmhara dúshláin freisin a bhaineann leis na riachtanais teanga atá ag daoine a bhfuil laguithe éisteachta orthu agus téarma oifige tofa á dhéanamh acu. Cóiríocht réasúnach, lena n-áirítear seirbhísí ateangaireachta comharthaíochta, d'fhéadfadh páirtithe polaitiúla, parlaimintí náisiúnta agus Parlaimint na hEorpa í a sholáthar.

**larscríbhinn 10 – Infhaighteacht uirlisí cúnta, bothanna vótála agus boscaí ballóide inrochtana<sup>(113)</sup>**

<b>Ballstát</b>	<b>Teimpléid<sup>(114)</sup></b>	<b>Formhéadaitheoirí<sup>(115)</sup></b>	<b>Soilsiú leordhóthanach<sup>(116)</sup></b>	<b>Reaireacht<sup>(117)</sup></b>	<b>Teanga chomharthaíochta le fáil ag an stáisiún</b>	<b>Asphriontaí móra<sup>(118)</sup></b>	<b>Ballóidí Braille<sup>(119)</sup></b>	<b>Bothanna vótála inrochtana<sup>(120)</sup></b>	<b>Boscaí ballóide inrochtana<sup>(121)</sup></b>
An Ostair	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá
An Bheilg	Tá	Tá	Tá	Tá	Níl	Tá	Níl	Tá	Tá
An Bhulgáir	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá
An Chipir	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Níl	Tá	Tá
An tSeicia	Níl	Níl	Níl	Tá	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá
An Ghearmáin	Tá	Níl	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl	Tá	Tá
An Danmhairg	Níl	Tá	Tá	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá
An Eastóin	Níl	Tá	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl	Tá	Tá
An Ghréig	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá
An Spáinn	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Níl	Tá	Tá	Tá

<sup>113</sup> Ullmhaíodh an tábla i dteannta na mBallstát agus léirítear leis an fhaisnéis is fearr a bhí ar fáil tráth an fhoilseacháin.

<sup>114</sup> Ceanglas chun teimpléid a sholáthar ar a dtugtar stionsail thadhlaigh freisin.

<sup>115</sup> Ceanglas chun formhéadaitheoirí a sholáthar do vótálaithe.

<sup>116</sup> Ceanglas chun soilsiú leordhóthanach a sholáthar sa bhoth vótála.

<sup>117</sup> Ceanglas chun a áirithiú gur féidir faisnéis fuaimne faoi na hiarrthóirí a rochtain ón stáisiún vótála agus gaireas pearsanta nó gaireas cúnta arna sholáthar ag na hoifigigh thoghcháin á úsáid.

<sup>118</sup> Ceanglas chun asphriontaí móra den bhallóid nó den liosta iarrthóirí a chur ar fáil ag an stáisiún vótála.

<sup>119</sup> Ceanglas lena áirithiú go gcuimsítear faisnéis i bhformáid Braille leis na ballóidí freisin.

<sup>120</sup> Ceanglas lena n-áirithiú go leanann bothanna vótála caighdeáin inrochtaineachta.

<sup>121</sup> Ceanglas lena n-áirithiú go n-áirithítear inrochtaineacht boscaí ballóide.

<b>Ballstát</b>	<b>Teimpléid<sup>(114)</sup></b>	<b>Formhéadaitheoirí<sup>(115)</sup></b>	<b>Soilsiú leordhóthanach<sup>(116)</sup></b>	<b>Reacaireacht<sup>(117)</sup></b>	<b>Teanga chomharthaíochta le fáil ag an stáisiún</b>	<b>Asphriontaí móra<sup>(118)</sup></b>	<b>Ballóidí Braille<sup>(119)</sup></b>	<b>Bothanna vótála inrochtana<sup>(120)</sup></b>	<b>Boscaí ballóide inrochtana<sup>(121)</sup></b>
An Fhionlainn	Tá	Tá	Tá	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá
An Fhrainc	Níl	Níl	Tá	Tá	Níl	Tá	Níl	Tá	Tá
An Chróit	Tá	Níl	Tá	Tá	Tá	Níl	Níl	Tá	Tá
An Ungáir	Tá	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá	Tá	Tá
Éire	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl	Tá	Tá	Tá	Tá
An Iodáil	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá
An Liotuáin	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Níl	Níl	Tá	Tá
Lucsamburg	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá	Tá
An Laitvia	Níl	Níl	Níl	Tá	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá
Málta	Tá	Níl	Tá	Tá	Níl	Níl	Tá	Tá	Tá
An Ísiltír	Tá	Tá	Tá	Níl	Tá	Tá	Níl	Tá	Tá
An Pholainn	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá
An Phortaingéil	Tá	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá	Tá
An Rómáin	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá
An tSualainn	Níl	Tá <sup>(122)</sup>	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá <sup>(123)</sup>	Tá	Tá
An tSlóivéin	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl	Tá	Níl	Tá	Tá

<sup>122</sup> Soláthraítear formhéadaitheoirí ag roinnt mhaith stáisiúin vótála arna mbunú ag na húdaráis áitiúla.

<sup>123</sup> Ballóidí Braille le haghaidh páirtithe polaitiúla móra, is féidir le vótálaithe iad a ordú roimh ré.



Ballstát	Teimpléid <sup>(114)</sup>	Formhéadaitheoirí <sup>(115)</sup>	Soilsiú leordhóthanach <sup>(116)</sup>	Reacaireacht <sup>(117)</sup>	Teanga chomharthaíochta le fáil ag an stáisiún	Asphriontaí móra <sup>(118)</sup>	Ballóidí Braille <sup>(119)</sup>	Bothanna vótála inrochtana <sup>(120)</sup>	Boscaí ballóide inrochtana <sup>(121)</sup>
An tSlóvaic	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá

**Iarscríbhinn 11 – Roghanna vótála comhlántacha le fáil le haghaidh daoine faoi mhíchumas i mBallstáit an Aontais<sup>(124)</sup>**

Tír	Vótáil mhóibíleach <sup>(125)</sup>	Vótáil taobhchosáin <sup>(126)</sup>	Roghnú stáisiún vótála <sup>(127)</sup>	Réamhvótáil <sup>(128)</sup>	Vótáil phoist <sup>(129)</sup>	Vótáil chuidithe <sup>(130)</sup>	Seachvótáil <sup>(131)</sup>	Vótáil idirlín <sup>(132)</sup>
An Ostair	Tá	Níl	Tá	Níl	Tá	Tá	Níl	Níl
An Bheilg	Níl	Níl	Tá	Níl	Tá <sup>(133)</sup>	Tá	Tá	Níl
An Bhulgáir	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl	Tá	Níl	Níl
An Chipir	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá	Níl	Níl
An tSeicia	Tá	Tá	Tá	Níl	Níl	Tá	Níl	Níl

<sup>124</sup> Ullmhaíodh an tábla i dteannta na mBallstát agus léirítear leis an fhaisnéis is fearr a bhí ar fáil tráth an fhoilseacháin.

<sup>125</sup> Vótáil ón dteach, ó ospidéal nó ó shuíomhanna cónaithe.

<sup>126</sup> Vótáil ó chongarachtaí láithreach an stáisiúin vótála

<sup>127</sup> An fhéidearthacht chun dul go dtí stáisiún vótála inrochtana, nuair nach inrochtana an stáisiún vótála dá bhfuil vótáláí sannta.

<sup>128</sup> Vótáil luath le haghaidh daoine nach bhfuil in ann dul go dtí stáisiún vótála lá an toghcháin.

<sup>129</sup> Ní thagraítear ach do vótáil phoist intíre leis sin.

<sup>130</sup> An fhéidearthacht chun cúnamh vótála a fháil ó dhuine eile.

<sup>131</sup> An fhéidearthacht chun an ceart vótála a tharmligean chuig duine eile.

<sup>132</sup> An fhéidearthacht chun vóta a chaitheamh ar an idirlíon.

<sup>133</sup> Le haghaidh saoránaigh ar an gcoigríoch.

Tír	Vótáil mhóibíleach <sup>(125))</sup>	Vótáil taobhchosaín <sup>(126))</sup>	Roghnú stáisiún vótála <sup>(127))</sup>	Réamhvótáil <sup>(128))</sup>	Vótáil phoist <sup>(129))</sup>	Vótáil chuidithe <sup>(130))</sup>	Seachvótáil <sup>(131))</sup>	Vótáil idirlín <sup>(132))</sup>
An Ghearmáin	Níl	Níl	Tá	Níl	Tá	Tá	Níl	Níl
An Danmhairg	Tá	Tá	Tá	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl
An Eastóin	Tá	Níl	Tá	Tá	Níl	Tá	Níl	Tá
An Ghréig	Níl	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá <sup>(134))</sup>	Níl	Níl
An Spáinn	Níl	Tá	Níl	Níl	Tá	Tá	Níl	Níl
An Fhionlainn	Tá	Tá	Níl	Tá	Tá <sup>(135))</sup>	Tá	Níl	Níl
An Fhrainc	Níl	Níl	Níl	Níl	Tá <sup>(136))</sup>	Tá	Tá	Tá <sup>(137))</sup>
An Chróit	Tá	Tá	Níl	Níl	Níl	Tá	Níl	Níl
An Ungáir	Tá	Níl	Tá	Níl	Tá	Tá	Níl	Níl
Éire	Tá	Níl	Tá	Níl	Tá	Tá	Níl	Níl
An Iodáil	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl	Tá	Níl	Níl
An Liotuáin	Tá	Níl	Tá	Tá	Tá <sup>(138))</sup>	Tá	Níl	Níl
Lucsamburg	Níl	Níl	Tá	Níl	Tá	Tá	Níl	Níl
An Laitvia	Tá	Níl	Tá	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl

<sup>134</sup> Níl saor-rogha chúnaimh ar fáil.

<sup>135</sup> Le haghaidh saoránaigh ar an gcoigríoch.

<sup>136</sup> Le haghaidh saoránaigh ar an gcoigríoch, vótálaithe a bhfuil seal á chaitheamh acu i bpríosún agus iad sin ag saoráidí coinneála.

<sup>137</sup> Le haghaidh saoránaigh ar an gcoigríoch.

<sup>138</sup> Le haghaidh saoránaigh ar an gcoigríoch.

Tír	Vótáil mhóibíleach <sup>(125)</sup>	Vótáil taobhchosaín <sup>(126)</sup>	Roghnú stáisiún vótála <sup>(127)</sup>	Réamhvótáil <sup>(128)</sup>	Vótáil phoist <sup>(129)</sup>	Vótáil chuidithe <sup>(130)</sup>	Seachvótáil <sup>(131)</sup>	Vótáil idirlín <sup>(132)</sup>
Málta	Níl	Níl	Níl	Tá	Níl	Tá <sup>(139)</sup>	Níl	Níl
An Ísiltír	Níl	Níl	Tá	Níl	Níl	Tá	Tá	Níl
An Pholainn	Níl	Níl	Tá	Níl	Tá	Tá	Tá	Níl
An Phortaingéil	Tá	Níl	Níl	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl
An Rómáin	Tá	Níl	Tá	Níl	Tá <sup>(140)</sup>	Tá	Níl	Níl
An tSualainn	Tá	Tá	Níl	Tá	Tá <sup>(141)</sup>	Tá	Tá	Níl
An tSlóivéin	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Tá	Níl	Níl
An tSlóvaic	Tá	Níl	Tá	Níl	Níl	Tá	Níl	Níl

<sup>139</sup> Níl saor-rogha chúnaimh ar fáil.

<sup>140</sup> Le haghaidh saoránaigh ar an gcoigríoch.

<sup>141</sup> Le haghaidh saoránaigh ar an gcoigríoch.